
# Plean Straitéiseach

2014–2019

14–19



Something that will not acknowledge conclusion / Insists that we forever begin

Brendan Kennelly



# Plean Straitéiseach
2014–2019


| | | |
|---|---|---|
| I | Réamhrá leis an bPlean | 02 |
| II | Comhthéacs | 04 |
| III | Luachanna | 08 |
| IV | Fís, Misean agus Spriocanna | 12 |


## Naoi Sprioc


| | | | |
|---|---|---|---|
| A | 01 | An Pobal a Neartú | 18 |
| | 02 | Saol na Mac Léinn a Chur Chun Cinn | 26 |
| | 03 | Oideachas Choláiste na Tríonóide a Athnuachan | 32 |
| B | 04 | Buanna Daoine a Chur Chun Cinn | 40 |
| | 05 | Comhpháirtíochtaí Luachmhara a Chruthú | 46 |
| | 06 | Taighde ar mhaithe le Tionchar a Imirt | 54 |
| C | 07 | Teagmháil leis an tSochaí i gCoitinne | 64 |
| | 08 | Ceannaireacht Institiúideach a Léiriú | 70 |
| | 09 | Todhchaí Choláiste na Tríonóide a Áirithiú | 76 |

Fonótaí 83

# Réamhrá leis an bPlean



**Cúlra:**
Is ionann plean straitéiseach nua agus deis chun bealach i dtreo na todhchaí a leagan síos, chun smaointe nua a mholadh i gcomhthéacs aimsirí agus cúinsí athraitheacha agus, ag an am céanna, chun luachanna marthanacha Choláiste na Tríonóide a athdhearbhú. Tá an t-athrú thar a bheith tábhachtach. Mar athleagan ar fhocail Edmund Burke, is ionann ollscoil nach acmhainn di athrú de chineál éigin a dhéanamh agus eagraíocht nach acmhainn di í féin a chaomhnú.

Sin an fáth go bhfuil an plean straitéiseach chomh tábhachtach sin: soláthraíonn sé an modh chun athrú comhordaithe a dhéanamh; bunaíonn sé tosaíochtaí agus cinntíonn sé go ndéanfar na tosaíochtaí a struchtúrú ar shlí a fhágfaidh gur féidir linn ár bhfís a bhaint amach.

Is é atá san fhís atá againn ná gur ollscoil lena ngabhann tábhacht dhomhanda a bheidh ionainn, áit ina soláthraítear deis shainiúil oideachais dár mic léinn agus ina ndéantar fionnachtana taighde agus dul chun cinn scolártha, ar fionnachtana agus dul chun cinn iad a mbíonn tionchar domhanda acu. Is fís í i ndáil le hollscoil a chuireann le gnóthachtáil na hÉireann i réimse an oideachais agus an taighde ar mhaithe le todhchaí gach uile dhuine.

Maidir leis an dul chun cinn ar fad atá déanta ag Coláiste na Tríonóide, is i gcomhpháirtíocht le páirtithe eile a rinneadh é; is mar thoradh ar chomhpháirtíochtaí atá Coláiste na Tríonóide in ann feabhas a chur ar a sheasamh mar ionad léinn agus feabhas a chur ar cháil na hÉireann mar shochaí shibhialtachta ina dtugtar comhionannas deise do gach duine ag a bhfuil na buanna agus an uaillmhian atá ag teastáil le bheith rathúil.

Gabhaim buíochas leis an Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil, an tOllamh Linda Hogan, le hoifigigh uile an Choláiste agus leis na baill foirne, leis na mic léinn agus leis na alumni a bhí páirteach san iliomad grúpaí oibre. Gabhaim buíochas le Bord an Choláiste as ceadú críochnaitheach a thabhairt don phlean, agus is ceart a lua gurb orthusan a bheidh an fhreagracht deiridh maidir lena chinntiú go gcuirtear an plean i bhfeidhm.

Is ábhar pléisiúir dom freisin ár mbuíochas a chur in iúl do na alumni agus do na cairde sin a ghlac páirt sa chéad Fhóram Domhanda do Chéimithe Choláiste na Tríonóide ar lena linn a leagadh amach scóip an phlean straitéisigh seo, i mí na Samhna 2013.

**Na Buaicphointí:**

— Mar chuid dár gcomhpháirteachas domhanda, déanfar méadú ar an líon mac léinn rollaithe as áiteanna lasmuigh den AE ó 7.8 go 18% agus

méadófar an líon foghlaimeoirí ar líne ó nialas go 1,000, agus tarlóidh na méaduithe sin laistigh de chúig bliana; agus saineoimid Saincheist Taighde Dhomhanda (GRQ) chun gníomhaíochtaí comhpháirteachais Choláiste na Tríonóide a dhíriú ar dhéileáil le dúshláin dhomhanda;

— Díreoidh Tionscadal Oideachais Choláiste na Tríonóide ar scileanna foghlama 21ú haois a neadú isteach sa churaclam, agus déanfar aird a thabhairt as an nua ar na nithe seo a leanas: smaointeoireacht chriticiúil; saoránacht dhomhanda; teagmháil le fostóirí; agus deiseanna foghlama seach-churaclaim agus comhchuraclaim do gach uile mhac léinn a chomhtháthú;

— Neartófar an tsármhaitheas san oideachas trí dhaoine nua cumasacha, sna réimsí láidreachta, a mhealladh chuig Coláiste na Tríonóide agus trí thrí mhórthionscadal chaipitiúla, is é sin le rá
  - Scoil Ghnó agus Mol Nuálaíochta & Fiontraíochta Choláiste na Tríonóide
  - Institiúid E3 le haghaidh Innealtóireachta, Teicneolaíochta agus Eolaíochtaí Nádúrtha
  - An Institiúid Ailse in Ospidéal San Séamas;

— Déanfar árais nua mac léinn a thógáil do 2,000 mac léinn, lena n-áirítear halla mac léinn a chuirfear ar fáil go luath amach anseo ar láithreán Theach Oisín;

— Tiocfaidh Coláiste na Tríonóide chun bheith ina chothaitheoir ealaíon cruthaitheach trí thionscadal *Trinity Creative* a sheoladh laistigh de na 5 bliana atá romhainn;

— Beidh tairbhí ann mar thoradh ar an infheistíocht €22m i mbonneagar IT agus i gclaochlú na seirbhísí riaracháin agus tacaíochta; agus tarlóidh claochlú leanúnach ó thaobh cúrsaí digiteacha de. Mar thoradh ar an sreabhadh nua ioncaim a thuairiscítear sa phlean seo tá sé mar aidhm gur maoiniúchán neamh-Státchiste a bheidh in 60% den bhuiséad faoin mbliain 2019.

Beidh thart ar €600m ag teastáil thar chúig bliana, i dtéarmaí ioncaim chaipitiúil agus ioncaim mhéadaithe araon, chun na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa phlean seo a mhaoiniú. Mar bhonn leis an straitéis, tá pleananna gnó ann a fhágfaidh go mbeidh an straitéis inbhainte amach – tá roinnt díobh sin i bhfeidhm cheana féin nó tá dul chun cinn mór déanta ina leith.

Beidh an daonchairdeas lárnach i dtaca lenár spriocanna a bhaint amach, go háirithe le linn bonneagar nua a fhorbairt agus an ciste dearlaice a mhéadú chun daoine nua cumasacha a mhealladh chuig Coláiste na Tríonóide. Má éiríonn linn, áiritheoimid todhchaí Choláiste na Tríonóide mar cheann de mhór-ollscoileanna an domhain.

**An todhchaí:**
Is ábhar mórtais do Choláiste na Tríonóide an obair a dhéanann an ollscoil ar mhaithe le leas an phobail – ar an ábhar sin, go príomha, ach freisin ós rud é go bhfaigheann Coláiste na Tríonóide maoiniúchán poiblí, beimid ag obair amach anseo i ndlúth-chomhpháirtíocht leis an rialtas agus le gníomhaireachtaí stáit le linn ár misean a chur i gcrích.

Ós rud é gur thosaigh mé le focail de chuid Edmund Burke, is cuí go gcríochnóidh mé le focail de chuid Oliver Goldsmith: 'Ill fares the land, to hastening ills a prey/ Where wealth accumulates, and men decay'; is líne aithnidiúil í sin as *The Deserted Village* agus fónann sí chun na dúshláin atá le sárú againn go léir mar shochaí a chur i gcuimhne dúinn. Cuireann sé i gcuimhne dúinn freisin gur as an bpobal a éiríonn leas agus, sa lá atá inniu ann, gur ní domhanda é pobal ar leibhéal eacnamaíochta ach gur ní áitiúil ar fad é ar leibhéal daonna. Rannchuideoimid leis an leas sin le linn dúinn cabhrú le forbairt Bhaile Átha Cliath mar chathair dhomhanda agus le linn a chinntiú go leanann Coláiste na Tríonóide de bheith ina fhoinse mórtais agus geana do na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh de réir mar atá sé dúinne anois.



**Patrick Prendergast, *Propast & Uachtarán***
22 Meán Fómhair 2014

# Comhthéacs 2014

Tá forbairt an phlean straitéisigh seo déanta i gcomhthéacs na mear-athruithe atá ag teacht ar sholáthar ardoideachais ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. I gcuid mhór tíortha, tá laghdú ag teacht ar mhaoiniúchán poiblí don ardoideachas agus tá táillí níos airde teagaisc agus síntiúis dhaonchairdiúla ag glacadh ionad an mhaoiniúcháin sin. I gcomhthráth leis na laghduithe ar mhaoiniúchán poiblí, tá an t-éileamh ar ardoideachas ag méadú i gcónaí, tá líonta mac léinn níos airde ná riamh ag rollú agus tá soghluaisteacht na mac léinn ar fud an domhain ag méadú. In Éirinn, go sonrach, is cinnte go dtiocfaidh méadú ar an éileamh laistigh den tír[01] ós rud é go bhfuil an t-oideachas ina chuid lárnach d'iarrachtaí an rialtais i ndáil le cruthú fostaíochta agus fás eacnamaíochta. Ach ní mór aghaidh a thabhairt, fós, ar mhaoiniú an ardoideachais ar bhonn inbhuanaithe.[02] Sa chomhthéacs sin, tá dúshláin an-mhóra le sárú ag Coláiste na Tríonóide; cé gur mian linn plean uaillmhianach a leagan amach, agus ós rud é gurb eol dúinn go bhfuil an t-oideachas tábhachtach i leith thodhchaí na hÉireann, ní mór dúinn an plean sin a leagan amach agus aird á tabhairt ar an timpeallacht sheachtrach ina mbeidh na huaillmhianta á mbaint amach.

I dtaca leis an gcomhthéacs náisiúnta de, chuaigh Coláiste na Tríonóide i mbun na pleanála straitéisí don tréimhse 2014–19 i gcúinsí maoiniúcháin phoiblí a bhí thar a bheith deacair tráth a bhí Éire ag iarraidh déine eacnamaíochta na tréimhse iar-2008 a fhágáil ina diaidh. Mar atá ráite ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA),[03] tá laghdú 15% tagtha ar infheistíocht an stáit in aghaidh an mhic léinn, agus tá laghdú beagnach 2,000 tagtha ar an líon foirne ar fud na hearnála. Mar thoradh air sin, tá méadú tagtha ar an gcóimheas foirne-mac léinn in ollscoileanna na hÉireann ó 1 bhall foirne in aghaidh 15 mhac léinn sa bhliain 2007 go 1:19.5 sa bhliain 2014 agus is é atá sa ghnáth-chóimheas i dtíortha OECD ná 1:16. I gColáiste na Tríonóide, tá éirithe linn an cóimheas foirne-mac léinn a choinneáil ag 1:18 trí chistí neamh-Státchiste a ghiniúint agus a úsáid chun tuilleadh foirne múinteoireachta acadúla a fhostú in ionad úsáid a bhaint as na cistí sin i gcomhair caiteachais neamh-phá mar a bhí á dhéanamh roimhe seo. Tá sé ráite ag an HEA freisin go bhfuil srian dian curtha ar chistí poiblí, ó bhí an bhliain 2008 ann, i ndáil le hinfheistíocht i mbonneagar caipitiúil, lena n-áirítear cothabháil; ní mór aghaidh a thabhairt air sin freisin. Chun rialú a dhéanamh ar chaiteachas tar éis thobchliseadh an gheilleagair sa bhliain 2008, d'fhorchuir rialtas na hÉireann Creat Rialaithe Fostaíochta (ECF) san earnáil phoiblí agus socraíodh go mbeadh na hollscoileanna faoina réir. Ar bhonn Acht na nOllscoileanna 1997, ordaítear leis an ECF go ndéanfar laghdú ar an líon foirne atá ar fostú ag Coláiste na Tríonóide, d'ainneoin go ndéantar 49% d'ioncam Choláiste na Tríonóide a ghiniúint ó fhoinsí neamh-Státchiste anois. Tá gá le ceadú ón rialtas i leith solúbthachta agus bainistiú á dhéanamh ar acmhainní daonna, lena n-áirítear scéimeanna éirithe as a sholáthar más gá sin, agus lorgófar an cead sin ach ní féidir a bheith cinnte go bhfaighfear é. Sa phlean acmhainní daonna atá ina bhuntaca leis an Plean Straitéiseach seo don tréimhse 2014–19, dírítear ar aghaidh a thabhairt ar na nithe sin agus, ag an am céanna, ar oibriú i gcomhpháirtíocht le ranna rialtais agus lenár gcuid comhghleacaithe ar an leibhéal earnála chun beartais acmhainní daonna a bhunú a oireann d'ollscoil atá iomaíoch go hidirnáisiúnta agus a fheidhmíonn i ngeilleagar oscailte den chineál atá ag Éirinn.

De réir mion-anailíse atá déanta againn ar an maoiniúchán poiblí is dóigh a bheidh ar fáil d'ollscoileanna sa tréimhse 2014 – 19, tuigtear dúinn go bhféadfadh laghdú eile teacht ar mhaoiniúchán rialtais. Tá sé críonna a bheith ullamh don chúinse is measa a d'fhéadfadh a bheith ann. Is léir go bhfuil oideachas ollscoile tar éis teacht chun bheith ina ghníomhaíocht iomaíoch dhomhanda agus nach mór do Choláiste na Tríonóide dul san iomaíocht ar bhonn idirnáisiúnta chun teacht ar na mic léinn is fearr, ar an bhfoireann is fearr, ar an maoiniúchán taighde is fearr agus ar na comhpháirtíochtaí is fearr. Chun leanúint de bheith rathúil, beidh ar Choláiste na Tríonóide cúrsaí tarraingteacha agus bonneagar ardchaighdeáin campais a thairiscint i saoráidí amhail taighde, spórt agus cóiríocht mac léinn. Chun na dúshláin sin go léir a shárú, beidh gá le hinfheistíocht mhór. Féachfaidh Coláiste na Tríonóide le feidhmiú i gcomhpháirtíocht leis an rialtas agus lena ghníomhaíochtaí, chun comhinfheistiú a dhéanamh chun na torthaí sin a bhaint amach. Dá réir sin, samhlaítear leis an múnla airgeadais atá ann mar bhuntaca le Plean Straitéiseach 2014 – 19 go ndéanfar ár mbonn airgeadais a athstruchtúrú tuilleadh trí idirnáisiúnú, trí oideachas ar líne, trí thráchtálú agus trí dhaonchairdeas. Ina theannta sin, leanfaimid de laghdú breise costais agus bearta éifeachtúlachta a chur i bhfeidhm, go háirithe mar thoradh ar infheistíocht neamh-Státchiste €22m atá déanta i gcórais chumasaithe IT le roinnt blianta anuas. I bhfianaise scála na ndúshlán, tá tús curtha cheana féin le gníomhaíochtaí ginte ioncaim den chineál atá liostaithe thuas agus cuirfear dlús leo le linn amscála na pleanála straitéisí seo. Chomh maith leis sin, tá an clár athchóirithe seirbhísí riaracháin agus tacaíochta (START) a tionscnaíodh sa bhliain 2012 curtha i gcrích. Faoi cheannaireacht Bhord Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide, tá borradh nua curtha faoi bhailiú cistí daonchairdiúla i gcomhair sraithe tionscadal nua. Tá ioncam taighde a ghnóthaítear trí iomaíocht ag méadú arís sa tréimhse 2013 – 14 agus, cheana féin, tá torthaí ag teacht as an tionscnamh dar teideal Éagsúlú Maoiniúcháin Taighde a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2013 agus déanfaidh sé an rath ar dócha go mbeidh sé againn i ndáil le deiseanna Horizon 2020 agus deiseanna eile a fheabhsú tuilleadh.

Is léir go leanfar den mhéadú ar an éileamh ar ardoideachas i gcomhréir le treochtaí déimeagrafacha, le beartais rialtais, le riachtanais an mhargaidh saothair agus le deiseanna foghlama digití. Tá sé beartaithe ag Coláiste na Tríonóide gníomhú i gcomhréir leis an éileamh déimeagrafach agus leis na scileanna a bheidh ag teastáil sa todhchaí, agus sin a dhéanamh de réir ár misean agus i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí rialtais, á aithint i gcónaí go bhfuil sé tábhachtach an t-oideachas ardchaighdeáin a mbíonn mic léinn ag súil leis, agus atá dlite dóibh, a sholáthar. Dá bhrí sin, déanfaidh Coláiste na Tríonóide a sciar comhréireach de rollaithe mac léinn intíre a chothabháil sa tréimhse 2014 – 19 agus is é a leanfaidh as sin ná méadú beag ar an líon iontrálaithe nua. Is ceart go mbeadh an t-athchóiriú córais atá tionscanta ag an HEA trína phróiseas 'idirphlé straitéiseach' nua ina chabhair do gach ollscoil agus institiúid teicneolaíochta de chuid na hÉireann maidir lena misin éagsúla a bhaint amach; i dtaca linne de, déanfar sin go háirithe trí chomhoibriú pleanáilte laistigh de bhraisle Cholún I – Baile Átha Cliath/Cúige Laighean.

Is ionann an t-éileamh idirnáisiúnta ar ardoideachas agus deis shuntasach do Choláiste na Tríonóide. De réir mion-anailíse comparáidí idir Coláiste na Tríonóide agus an 20 ollscoil is fearr de chuid na Ríochta Aontaithe, tugtar le fios go bhfuil scála na deise sin i bhfad níos mó ná mar a ceapadh roimhe seo. Dá réir sin, samhlaímid go mbeidh mórathrú ann maidir lenár mbeartas i ndáil le hidirnáisiúnú agus is é

a leanfaidh as sin ná pobal níos iltírí a chruthú, rud a shaibhreoidh an timpeallacht fhoghlama dár gcuid mac léinn go léir, chomh maith le cabhair a thabhairt maidir le hinbhuanaitheacht airgeadais a bhaint amach trí shreabhadh suntasach ioncaim neamh-Státchiste isteach i gColáiste na Tríonóide a ghiniúint, ar sreabhadh ioncaim é a rachaidh go mór chun tairbhe do gheilleagar na hÉireann freisin. Tá claochlú digiteach á dhéanamh freisin agus mar thoradh ar theicneolaíochtaí nua tiocfaidh bunathrú ar an tslí ina soláthraítear oideachas agus ina bhfaightear oideachas. Le linn thréimhse an phlean seo, déanfaimid straitéis teicneolaíochta faisnéise uile-champais[04] a chur i bhfeidhm, ar straitéis í a rachaidh i bhfeidhm sa champas ar fad – ó oideachas ar líne go cumarsáid, ó chaidreamh alumni go dtí an Leabharlann – agus cumasófar gníomhaíochtaí den sórt sin trí bhonneagar tacaíochta IT a sholáthar.

Aithnítear go forleathan go bhfuil feidhmíocht an ardoideachais in Éirinn go han-mhaith nuair a dhéantar tagarmharcáil idirnáisiúnta ina leith agus, sa chomhthéacs sin, go bhfuil Coláiste na Tríonóide ag leanúint de thorthaí sármhaithe a bhaint amach ó thaobh oideachais agus taighde de.

Is cinnte go bhfuil Coláiste na Tríonóide tar éis diongbháilteacht mhór a léiriú i rith na tréimhse géarchéime eacnamaíochta a bhí ann le déanaí. Beidh gá le tuilleadh diongbháilteachta amach anseo, áfach. Is tábhachtaí fós na gníomhartha nuálacha a fhorbróimid mar fhreagra ar an timpeallacht athraitheach, dhúshlánach seo. Tá beart suntasach i leith iniúchadh a dhéanamh ar na gníomhartha nuálacha sin déanta cheana féin trí bhíthin Fhóram Domhanda Iarchéimithe Choláiste na Tríonóide (TGGF) a tionóladh i mí na Samhna 2013 agus a bhfuair Coláiste na Tríonóide gradam domhanda dá bharr. Tugadh cuireadh do alumni as áiteanna ar fud an domhain agus d'fhreastail 100 duine díobh ar an bhFóram; d'éirigh go han-mhaith leis agus ba chabhair é i ndáil le friotal a chur ar ár gcuid pleanála agus í a shoiléiriú agus a chur ar aghaidh. Tá leas bainte as na smaointe an-dearfacha a léirigh cuid mhór alumni le linn TGGF mar chúlra do na huaillmhianta atá leagtha amach sa phlean.

I gcomhthéacs na timpeallachta eacnamaíochta leanúnaí sin, agus i gcomhthéacs na ndúshlán gaolmhar maidir le maoiniúchán do chomhlachtaí earnála poiblí, leanfaidh Coláiste na Tríonóide de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe go léir lena mbaineann, chun áiteamh go tréan nach mór ligean do na hollscoileanna bonn inbhuanaithe maoiniúcháin a áirithiú le gur féidir leo leanúint de thaighde agus oideachas ardchaighdeáin a sholáthar. Le gur féidir le hÉirinn a spriocanna eacnamaíochta agus sóisialta a bhaint amach, tá sé riachtanach go mbeadh córas bisiúil, rathúil ollscoile ann. Aontaíonn gach duine go bhfuil todhchaí na hÉireann ag brath ar oideachas a chur ar fáil dár muintir de réir na gcaighdeán is airde is féidir agus is fúinne atá sé oibriú le chéile chun an méid sin a bhaint amach. Chomh maith leis sin, leanfaimid de na straitéisí atá ann cheana féin a chur i bhfeidhm, ar straitéisí iad atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht airgeadais agus, ag an am céanna, chun caighdeán ár ngníomhaíochtaí agus ár mbonneagar oideachais a fheabhsú.

Táimid cinnte go gcumasóidh comhthiomantas agus comhoilteacht ár lucht foirne, ár gcuid mac léinn, ár gcuid alumni agus ár gcairde dúinn ár misean a bhaint amach tríd an straitéis a thuairiscítear sa doiciméad seo.



**Ó Chlé go Deas**
**An tSraith Thosaigh (ina suí):** I. Mooney, C. McCabe, G. Lacey , P.J. Prendergast (Propast), S.P. Allwright, A. Seery, C. O'Farrelly
**Ina Seasamh:** D.R. Phelan, S. Dunphy, J. Gallagher, D. O'Neill, P. Coxon, D. Frost, O. Braiden, K. Byrne, S. Draper, J.F. McGilp, M. Ó Siochrú, G. Ruane, E.P. Drew, D. McGlacken Byrne, F.M. Cowzer, G.S. Martin, W.J. Dowling, V. Butler, L. Ryan, J. Coman, B.M. Lucey, J. Hussey, M. Lee

# Luachanna

I Meitheamh 2013, rinneadh 'Rolla na mBronntóirí' a nochtadh i bProinnteach Choláiste na Tríonóide mar bhuanteist ar an bhflaithiúlacht atá léirithe don choláiste trí na haoiseanna ag daoine aonair, ag iontaobhais agus ag corparáidí. Comórann na chéad chúig ainm ar an liosta bronntóirí bunaitheacha Choláiste na Tríonóide: An Bhanríon Eilís I, Bardas Bhaile Átha Cliath, Toirdhealbhach Ó Néill, Aodh Mac Aonghusa agus James Ussher. Léiríonn na hainmneacha sin atá ionadaitheach do mhonarcacht Shasana, do thaoisigh Ghaelacha agus do shaoránaigh Bhaile Átha Cliath tionscnamh uilechuimsitheach, ilchineálach ollscoil cheannais na hÉireann.

Sa bhliain 1592, chuir saoránaigh Bhaile Átha Cliath achainí faoi bhráid na Banríona Eilís I i gcomhair cairte chun ollscoil a oscailt ina gcathair. Bhronn Bardas Bhaile Átha Cliath na tailte agus thug saoránaigh shaibhre as gach cearn d'Éirinn bronntanais fhlaithiúla agus fios acu go rachadh an coláiste chun tairbhe don tír ar fad. Leis an gcairt, bunaíodh coláiste neamhspleách, féinrialaithe chun oideachas, oiliúint agus teagasc a chur ar fáil d'ógánaigh agus do mhic léinn agus bhunaigh na chéad scoláirí tiomantas i leith úire léinn agus taighde.

Thar na haoiseanna, tá ról lárnach comhlíonta ag Coláiste na Tríonóide i ndáil le forbairt chultúir agus intleachta na hÉireann. Ba phríomhionadaí don Reifirméisean é tráth agus, ina dhiaidh sin, tháinig sé chun bheith ar thús cadhnaíochta le linn Ré na hEagnaíochta san Eoraip san ochtú haois déag, agus ba cheannródaí é sa naoú haois déag i ndáil leis an staidéar ar eolaíochtaí nádúrtha ar an oileán. Ón tráth a bunaíodh é, agus le linn dó meon pobail léannta a chothú, tá Coláiste na Tríonóide tar éis cloí go daingean lena bhunluachanna: saoirse agus neamhspleáchas smaointeoireachta, urraim do bhuanna daoine aonair, agus tiomantas i leith léinn léirmheastaigh agus taighde nuálaigh.

Is as na bunluachanna daingne sin a lean gach ceann de líon mór gníomhartha ceannródaíochta an choláiste. Ós rud é go raibh béim ar oideachas ildisciplíneach bhí Coláiste na Tríonóide i measc na gcéad ollscoileanna sa domhan ina raibh leigheas, nua-theangacha agus innealtóireacht á múineadh agus, le déanaí, ba cheannródaí é in Éirinn i ndáil leis an staidéar ar chógaisíocht, ar ghéineolaíocht agus ar nanaitheicneolaíocht. Mar thoradh ar thiomantas i leith uilechuimsitheachta sóisialta, cinntíodh go raibh Coláiste na Tríonóide chun tosaigh maidir leis na hiarrachtaí chun glacadh le mná mar mhic léinn agus chun cláir rochtana a bhunú do mhic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste. Sa bhliain 1973, ba í an chéad ollscoil de chuid na hÉireann a d'athchoisric séipéal a coláiste lena úsáid ag gach traidisiún Críostaí (agus is í an t-aon ollscoil de chuid na hÉireann fós í a rinne amhlaidh).

Chabhraigh na luachanna sin le Coláiste na Tríonóide oideachas a thabhairt do chuid de na daoine is fearr ó thaobh bunsmaointeoireachta de dá raibh ann riamh, lena n-áirítear scríbhneoirí amhail Jonathan Swift, Oscar Wilde agus Samuel Beckett, eolaithe amhail William Rowan Hamilton agus Ernest Walton, dochtúirí amhail William Stokes agus Denis Burkitt, an machnóir polaitíochta Edmund Burke, Príomh-Bhreitheamh láithreach na hÉireann, Susan Denham, agus iar-Uachtarán na hÉireann agus an daonnúlach, Mary Robinson.

Sa lá atá inniu ann, tá Coláiste na Tríonóide tiomanta fós i leith oideachas agus taighde sármhaith a sholáthar ar mhaithe le leas an phobail. Tá traidisiún na hollscoile i leith fiosraithe neamhspleách intleachtúil le brath i gcultúr an champais ina gcuimsítear scoláireacht, nuálaíocht, cruthaitheacht, fiontraíocht, agus dúthracht i leith athchóirithe shochaíoch. Is pobal coláisteach é Coláiste na Tríonóide agus spreagtar do gach duine atá ann barr a gcumais a bhaint amach laistigh de thimpeallacht fhoghlama liobrálach, uilechuimsitheach agus róil cheannaireachta a ghlacadh chucu féin i sochaí ina bhfuil leibhéal an domhandaithe níos airde anois ná riamh roimhe seo.


Tá an coláiste suite i gcroílár phríomhchathair bhríomhar na hÉireann ar champas álainn ina bhfuil foirgnimh chlasaiceacha agus foirgnimh chomhaimseartha grúpáilte timpeall ar an tSean-Leabharlann, áit a gcoinnítear Leabhar Cheanannais agus siombail de thiomantas dochorraithe an choláiste i leith an léinn. Úsáidtear na faichí agus na clubanna spóirt, na hallaí éisteachta agus na léachtlanna, le haghaidh cuid mhór drámaí, ceolchoirmeacha, imeachtaí spóirt agus comórtas de chineálacha éagsúla a bhíonn á n-eagrú ag cumainn mhac léinn Choláiste na Tríonóide, a bhfuil níos mó ná 150 acu ann.

Sa lá atá inniu ann, tá thart ar 17,000 mac léinn ann san ollscoil mar aon le thart ar 3,000 duine ar an bhfoireann acadúil, riaracháin agus tacaíochta. Tá níos mó ná 90,000 alumni ann i níos mó ná 130 tír ar fud an domhain. Is ollscoil chuimsitheach í Coláiste na Tríonóide ina bhfuil na mórdhisciplíní go léir le fáil i réimsí na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí agus, chomh maith leis sin, i réimsí an ghnó, an dlí, na hinnealtóireachta, na n-eolaíochtaí sóisialta, agus na n-eolaíochtaí sláinte. Mar thoradh ar chomhoibriú taighde agus múinteoireachta, tá nasc idir Coláiste na Tríonóide agus institiúidí ardoideachais ar fud an domhain, ó Londain go Kigali go Béising. Is dóiche ná a athrach go mbeidh na hollúna ag bunú mac-chuideachtaí trí thorthaí a gcuid taighde a thráchtálú chomh maith le leabhair a scríobh agus páipéir a fhoilsiú.

Dá ainneoin sin, tá an campas dinimiciúil, gnóthach, fiontraíoch, cruthaitheach seo tar éis fanacht dílis go bunúsach dá chuid idéal ós rud é gur chloígh sé leis na luachanna ar dá réir a cuireadh ar bun é: Saoirse smaointeoireachta agus freagracht i mbun gnímh, éagsúlacht agus indibhidiúlacht, grá don phobal agus daonchairdeas, agus na nithe sin ar fad fréamhaithe i dtraidisiún an léinn fhónta.

Ag tógáil ar na nithe uathúla atá bainte amach aige agus ar a chuid bunluachanna, leanfaidh Coláiste na Tríonóide de bheith ag cur lena cháil mar ollscoil lena ngabhann tábhacht dhomhanda agus a bhfuil eolas uirthi de bharr cháilíocht a cuid céimithe, de bharr an róil atá comhlíonta aici maidir le seasamh na hÉireann sa domhan agus de bharr scaipeadh an léinn aici ar mhaithe le sochaithe agus pobal i ngach áit.

## Leanann Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, d'ardmheas a bheith aige ar na nithe seo a leanas agus de na nithe seo a leanas a chur chun cinn:



01

### Sármhaitheas Ildisciplíneach

Comhlíonaimid na caighdeáin is airde ó thaobh léinn, nuálaíochta agus fiosraithe neamhspleách chriticiúil, i dtimpeallacht ina ndéanann an fhoireann agus na mic léinn taighde den chineál is nua ar fad ina gcuid disciplíní agus ina gcuirtear gníomhaíochtaí acadúla idirdhisciplíneacha chun cinn.



02

### Éagsúlacht agus Uilechuimsitheacht

Téimid i dteagmháil le raon leathan daoine sna réimsí cultúir, sóisialta agus oideachais agus é mar aidhm againn pobal a chruthú atá bunaithe ar choláisteacht trína spreagtar do gach uile dhuine a mbuanna a úsáid chun barr a gcumais a bhaint amach.



03

## Idirphlé, Gníomhaíocht Chathartha, agus Saoránacht Dhomhanda


Tá sé mar aidhm againn an tairbhe is mó do leas an phobail a áirithiú trínár rannpháirtíocht ghníomhach i saol sóisialta, eacnamaíochta agus cultúir Bhaile Átha Cliath, na hÉireann agus an domhain.



04

## Rialachas Freagrach

Is corparáid fhéinrialaitheach sinn, táimid cuntasach do gheallsealbhóirí ilchineálacha agus oibrímid ar mhodh trédhearcach, macánta. Is mór againn neamhspleáchas lena ngabhann cuntasacht mar an bealach is fearr chun ár misean i ndáil le taighde agus oideachas a chur ar aghaidh ar mhaithe le leas an phobail.



05

## Saoirse Acadúil

Thar aon ní eile, is mór againn an tsaoirse gach cineál fiosraithe intleachtúil a shaothrú agus a mhúineadh, is cuma cén treo ina dtéann siad.

# Fís, Misean agus Spriocanna



## Fís

Inár gcáil mar ollscoil lena ngabhann tábhacht dhomhanda, beidh eolas orainn de bharr a chumasú do na mic léinn barr a gcumais a bhaint amach agus de bharr taighde agus scoláireachta a théann chun tairbhe d'Éirinn agus don domhan.

## Misean

Soláthraímid timpeallacht liobrálach ina dtugtar ardmheas ar shaoirse smaointeoireachta agus ina spreagtar do gach duine barr a gcumais a bhaint amach. Déanfaimid an méid seo a leanas:

### A

Cruthóimid pobal mac léinn níos ilchineálaí ná riamh, agus oideachas sainiúil atá bunaithe ar shármhaitheas acadúil agus eispéireas claochlaitheach á soláthar do na mic léinn.

### B

Rachaimid i mbun taighde ceannródaíochta i ngach disciplín, agus forbairt réimsí nua idirdhisciplíneacha á spreagadh agus tionchar catalaíoch á imirt ar nualaíocht áitiúil agus ar dhéileáil le dúshláin dhomhanda.


### C

Rachaimid go muiníneach i mbun gníomhaíochtaí trína gcuirtear sochaí iolrach, chóir, inbhuanaithe chun cinn.

## Naoi Sprioc

I gcás gach ceann de na trí chuid den mhisean, sainaithnítear naoi sprioc agus tá gach ceann ar leith acu le baint amach laistigh de chúig bliana. Is iad seo a leanas na naoi sprioc atá againn:

| | | | |
|---|---|---|---|
| A | 01 An Pobal a Neartú | 02 Saol na Mac Léinn a Chur Chun Cinn | 03 Oideachas Choláiste na Tríonóide a Athnuachan |
| B | 04 Buanna Daoine a Chur Chun Cinn | 05 Comh-pháirtíochtaí Luachmhara a Chruthú | 06 Taighde ar mhaithe le Tionchar a Imirt |
| C | 07 Teagmháil leis an tSochaí i gCoitinne | 08 Ceannaireacht Institiúideach a Léiriú | 09 Todhchaí Choláiste na Tríonóide a Áirithiú |



**Beidh an méid seo a leanas ag teastáil chun na naoi sprioc sin a bhaint amach:**

— athrú straitéiseach ar an tslí ina gcuireann Coláiste na Tríonóide a mhisean ar aghaidh, trí dheis a thabhairt do dhaoine barr a gcumais a bhaint amach i gcomhar lena chéile. Tríd an gcur chuige sin ina dtugtar tús áite do dhaoine, tá aitheantas á thabhairt do láidreachtaí uathúla Choláiste na Tríonóide, is é sin le rá, pobal atá ann, tá sé in ann daoine cumasacha a mhealladh chuige, agus tá sé meáite ar dhifreálaí a dhéanamh den choláiste.

— feabhas a chur ar an tslí ina n-eagraítear ‘córais’ na hollscoile. Beidh siad níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ná mar a bhí roimhe seo mar go bhfuil gá le bealaí nua chun rudaí a dhéanamh ós rud é go bhfuil fás tagtha ar an ollscoil le tamall maith blianta. Cruthóimid córais nua chun misean Choláiste na Tríonóide a chur i bhfeidhm agus déanfaimid sin ar bhealach ina ndéanfar buntáiste straitéiseach a fhorbairt tuilleadh dúinn.

— spriocanna is airde leibhéal a leagan síos go sainráite chun an fhís a bhaint amach. I gcomhréir le caint chomhaimseartha an ghnó, d’fhéadfaí ‘spriocanna sínteacha’ a thabhairt ar na spriocanna sin. Má bhainimid na spriocanna sin amach, beidh fís Choláiste na Tríonóide don bhliain 2019 bainte amach againn.



# A




Soláthraímid timpeallacht liobrálach ina dtugtar ardmheas ar shaoirse smaointeoireachta agus ina spreagtar do gach duine barr a gcumais a bhaint amach.

*Cruthóimid pobal mac léinn níos ilchineálaí ná riamh, agus oideachas sainiúil atá bunaithe ar shármhaitheas acadúil agus eispéireas claochlaitheach á sholáthar do na mic léinn.*

01

# An Pobal a Neartú





### A1.1 Rochtain agus Rannpháirtíocht

Le fírinne, tagann sainiú phobal Choláiste na Tríonóide ó na daoine atá rollaithe mar mhic léinn ann. Trína chuid beartas maidir le rochtain agus glacadh isteach, féachann Coláiste na Tríonóide le mic léinn a rollú ag a bhfuil raon leathan buanna agus a bhfuil an cumas acu leas a bhaint as an gcineál oideachais a chuireann an ollscoil ar fáil. Is é atá san aidhm atá againn ná pobal ilchineálach, iltíreach a chruthú ar mór aige an tsármhaitheas, a urramaíonn an tsármhaitheas agus a chuireann an tsármhaitheas chun cinn.

**Tá sé i gceist againn an cuspóir seo a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

— leanúint de mhic léinn ardfheidhmíochta ó chúlraí ilchineálacha a rollú, ar daoine iad a bheidh in ann tairbhiú ón oideachas sainiúil a sholáthraíonn Coláiste na Tríonóide

— ionadaíocht níos leithne a bhaint amach i dtaca le mic léinn ó gach áit ar oileán na hÉireann agus leathadh déimeagrafach níos mó a bhaint amach i dtaca le mic léinn ó thíortha eile de chuid an Aontais Eorpaigh (AE)

— pobal domhanda a chruthú tríd an líon mac léinn rollaithe ó áiteanna lasmuigh den AE a mhéadú ó 7.8%, mar a bhí sa bhliain 2012, go 18% sa bhliain 2019

— an céatadán a bhaineann le grúpaí ag a bhfuil gannionadaíocht agus atá rollaithe ar chúrsaí fochéime a mhéadú go 25% sa bhliain 2019

— na rátaí aistrithe ó chúrsaí chéad bhliana go cúrsaí dara bliain a fheabhsú ó 84%, mar a bhí sa bhliain 2012, go 90% sa bhliain 2019.

### A1.2 Idirnáisiúnú

Tá éagsúlacht gheoghrafach sa phobal mac léinn thar a bheith tábhachtach i dtaca le forbairt a dhéanamh ar thimpeallacht oideachais ina gcothaítear tuiscint chroschultúir agus ina n-ullmhaítear na mic léinn go léir do shaol saoránachta domhanda. Bíonn tuairimí éagsúla oideachais, cultúir agus pearsanta á nochtadh in aon áit amháin dá bharr sin. Tá sé tábhachtach freisin i dtaca le deis tosaigh a thabhairt do mhic léinn a bheith páirteach in idirphlé domhanda faoina gcuid réimsí staidéir acadúil agus i dtaca le pobal domhanda a bhunú i gColáiste na Tríonóide trí ghaolmhaireachtaí saoil, pearsanta, acadúla agus gairmiúla a chruthú ar fud an domhain. Cinnteoimid go mbeidh pobal comhtháthaithe, idirnáisiúnaithe mac léinn arís ann mar ghné mhór den eispéireas i gColáiste na Tríonóide.

**Bainfimid an cuspóir seo amach trí Straitéis Caidreamh Domhanda II[05] a chur i bhfeidhm, ar straitéis í a bhaineann leis an méid seo a leanas:**

— Coláiste na Tríonóide a chur i láthair mar institiúid oideachais den scoth ina bhfuil curaclam atá bunaithe ar thaighde agus a mheallann mic léinn den chaighdeán is airde ó gach Mór-Roinn.

— comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus cláir chéime de chineál comhpháirteach, déach agus comhpháirtíochta a fhorbairt le piara-institiúidí ar fud an domhain


— timpeallacht fhoghlama chumasúcháin, spreagúil a sholáthar do mhic léinn ó chúlraí ilchineálacha cultúir

— gach deis a thapú chun ár gcuid mac léinn go léir a chomhtháthú isteach i bpobal domhanda Choláiste na Tríonóide, is cuma cé acu i mBaile Átha Cliath nó in áiteanna thar lear atá siad lonnaithe

— deiseanna a shaothrú chun campais a chruthú thar lear agus d'fhéadfadh sé go n-áireodh sé sin láithreacht atá againn cheana féin a fhorbairt nó lárionaid taighde nua agus comhpháirteacha a oscailt.










*Fíor 1*


# Fás Domhanda



## Rochtain Dhomhanda Choláiste na Tríonóide

| ALUMNI CHOLÁISTE NA TRÍONÓIDE | |
|---|---|
| ÉIRE | **75,195** |
| RA | **17,405** |
| SAM | **3,576** |
| CEANADA | **1,247** |
| AN ASTRÁIL | **898** |
| AN FHRAINC | **604** |
| AN GHEARMÁIN | **582** |
| AN MHALAEISIA | **484** |
| AN AFRAIC THEAS | **411** |
| AN NIGÉIR | **270** |
| EILE | **2,052** |

| TÍORTHA AR TUGADH CUAIRT ORTHU | | **28** |
|---|---|---|
| AN IODÁIL | AN TSEAPÁIN | AN NIGÉIR |
| AN AFRAIC THEAS | AN ASTRÁIL | AN RÚIS |
| CATAR | SINGEAPÓR | AN SPÁINN |
| RA | MEICSICEO | AN LIOTUÁIN |
| SRÍ LANCA | SAM | AN ARAIB SHÁDACH |
| VÍTNEAM | AN BHEILG | AN TUIRC |
| AN INDIA | AN BHRASAÍL | |
| AN TÉAVÁIN | AN CHÓIRÉ THEAS | |
| CEANADA | AN EILVÉIS | |
| AN UNGÁIR | AN MHALAEISIA | |
| AN TSÍN | AN GHRÉIG | |



## Fóram Domhanda do Chéimithe Choláiste na Tríonóide

**TÍORTHA** (CRÍOCHA/SPLEÁCHRÍOCHA) **22**

| | |
|---|---|
| RA | AN ASTRÁIL |
| SAM | AN BHEILG |
| BEIRMIÚDA | AN TSÍN |
| AN FHRAINC | OILEÁIN MHUIR NIOCHT |
| AN GHEARMÁIN | AN ARAIB SHÁDACH |
| ÉIRE | AN AFRAIC THEAS |
| SRÍ LANCA | AN EILVÉIS |
| AN TSEAPÁIN | AN IODÁIL |
| AN CHÉINIA | AN ÍSILTÍR |
| AN INDIA | AN RÚIS |
| SINGEAPÓR | AN IORUA |

**EARNÁLACHA** **21**

| | | | |
|---|---|---|---|
| SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS | **27** | TÓGÁIL MAOINE | **2** |
| CÚRAM SLÁINTE | **4** | FUINNEAMH/ MIANADÓIREACHT | **1** |
| TEILEACHUMARSÁID | **2** | RIALTAS/STÁTSEIRBHÍS/ AE | **2** |
| CULTÚR/NA HEALAÍONA | **5** | FONDÚIREACHTAÍ/ TRÍÚ HEARNÁIL | **4** |
| DUINE GNÓ | **9** | GNÓLACHTAÍ DLÍ/DLÍ | **5** |
| INNEALTÓIREACHT | **2** | NA MEÁIN/TEILEACHU-MARSÁID (IDIRNÁISIÚNTA) THAR LEAR | **11** |
| CÚRSAÍ ACADÚLA | **12** | TEICNEOLAÍOCHT (IDIRNÁISIÚNTA) | **6** |
| ANAITHNID | **2** | COMHAIRLIÚCHÁN | **2** |
| MAC LÉINN | **1** | | |
| MARGAÍOCHT | **1** | | |
| EARRAÍ/SEIRBHÍSÍ TOMHALTÓRA | **2** | | |







### A1.3 Mic Léinn Ar Líne

Tugann an t-oideachas le cuidiú teicneolaíochta deiseanna chun tacú le foghlaim na mac léinn, chun forbairt a dhéanamh ar straitéisí nuálacha múinteoireachta, agus chun freastal ar riachtanais fhoghlaimeoirí an 21ú haois, is cuma cén áit a bhfuil siad ar fud an domhain. Déanfar an méid seo a leanas tríd an Tionscadal Oideachais Ar Líne[06] atá le cur i bhfeidhm sa tréimhse 2014–19:

- bainfear úsáid as modhanna soláthair cúrsaí atá solúbtha agus ar fáil go hiomlán ar líne, chun an líon mac léinn atá ag foghlaim ar líne a mhéadú go 1,000 i ndáil le suas go 20 cúrsa, leis an bhéim go príomha ar mhic léinn iarchéime agus forbartha gairmiúla leanúnaí (CPD), agus na cúrsaí dírithe ar réimsí ina bhfuil éileamh náisiúnta agus idirnáisiúnta
- cinnteofar go mbeidh eispéireas na mac léinn ar líne i gcomhréir le hoideachas Choláiste na Tríonóide atá bunaithe ar chruinneas acadúil agus ar chultúr láithreach na scoláireachta, na nuálaíochta agus na cruthaitheachta
- déanfar foghlaim le cuidiú teicneolaíochta a fhorbairt sa timpeallacht múinteoireachta i bpearsa chun cabhair a thabhairt maidir le forbairt leanúnach pharaidímí foghlama an 21ú haois amhail curaclam solúbtha, foghlaim hibride agus an seomra ranga aisiompaithe le gur féidir eispéireas na mac léinn a fheabhsú
- déanfar pobail foghlama domhanda a chruthú trí cúrsaí ardchaighdeáin, rochtana oscailte (MOOC-anna) a sholáthar i réimsí ina bhfuil sármhaitheas aitheanta agus rochtain dhomhanda ag Coláiste na Tríonóide.

### A1.4 An tAistriú ó Mhac Léinn go Alumnus & Teagmháil le Alumni

Ós rud é gur chaith siad tamall mar mhic léinn sa choláiste, is iad alumni Choláiste na Tríonóide na moltóirí agus na hambasadóirí is éifeachtaí dá bhfuil againn. Tá sé mar aidhm againn mórathrú a dhéanamh ar chineál agus ar leibhéal na teagmhála lenar gcuid alumni láithreacha agus leis na alumni a bheidh ann amach anseo. Déanfaimid gaolmhaireachtaí atá tairbhiúil go frithpháirteach a chothú ar fud a saoil ar fad ón tráth a dtagann siad isteach sa choláiste.

**Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- cruthófar líonraí domhanda alumni a bheidh dinimiciúil agus idircheangailte agus a sholáthróidh deiseanna i gcomhair idirghníomhaíochta sóisialta agus gairmiúla i measc alumni agus idir alumni agus an coláiste e.g. trí Fhóram Domhanda Iarchéimithe Choláiste na Tríonóide, agus trí thacú lenár gcuid líonraí brainse
- gníomhaíocht a bhaineann le alumni a neadú i gcultúr na Scoileanna, i measc na foirne agus na mac léinn araon, trí dheiseanna a sholáthar do alumni leanúint dá dteagmháil le Scoileanna mar aoi-chainteoirí, mar chomhairleoirí agus mar ambasadóirí agus trí dheiseanna a thabhairt dóibh tacú le hintéirneachtaí agus le deiseanna eile gairmréime dár gcuid mac léinn agus céimithe
- deiseanna a sholáthar do alumni, in Éirinn agus thar lear, chun tairbhiú ón ollscoil agus dul i dteagmháil leis an ollscoil trí raon seirbhísí agus tairbhí, lena n-áirítear imeachtaí ollscoile agus imeachtaí réigiúnacha, líonraí mac léinn agus alumni, forbairt ghairmiúil leanúnach, spás do alumni ar an gcampas, lena n-áirítear an leabharlann agus saoráidí spórt, cóiríochta agus lónadóireachta
- feabhas a chur ar an gcumarsáid atá againn lenár gcuid alumni trí fhís-bhlaganna, trí sheimineáir ghréasáin agus trí ríomhirisí chun go mbeidh siad páirteach i rath na foirne agus na mac léinn
- saineolas na alumni agus an fonn atá orthu cabhair a thabhairt a úsáid go gníomhach trí dheis a thabhairt dóibh fónamh ar bhoird chomhairleacha agus ionchur straitéiseach a sholáthar i ndáil le treo an choláiste amach anseo
- tacaíocht na mac léinn agus na alumni a thaifeadadh agus a aithint.

02

# Saol na Mac Léinn a Chur Chun Cinn





### A2.1 An tAistriú chuig Saol an Choláiste

Is é an t-aistriú chuig saol na hollscoile an chéad chéim i dturas claochlaitheach. Is aistriú é chuig saol agus chuig traidisiúin Choláiste na Tríonóide, arb é an ollscoil atá roghnaithe ag an mac léinn é, agus chuig cairde nua agus chuig eispéiris nua. Tacóimid leis an aistriú sin, agus feabhsóimid é, trí chláir, acmhainní agus seirbhísí a sholáthar trína méadófar naisc phearsanta, shóisialta agus acadúla, rud a fhágfaidh go luathófar iontráil an mhic léinn isteach sa phobal coláisteach.

**Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- soláthrófar faisnéis treoshuímh do thuismitheoirí/theaghlaigh maidir leis na dúshláin agus maidir leis na hionchais a bheidh ann do mhic léinn ionas gur féidir leo timpeallacht thacúil baile a chur ar fáil agus, ag an am céanna, neamhspleáchas méadaitheach an mhic léinn á urramú
- cuirfear feabhas ar Laethanta Oscailte d'iarratasóirí ionchasacha agus ar Laethanta Ionduchtúcháin do mhic léinn nua
- ceapfar Oifigeach Eispéiris Chéad Bhliana agus leathnófar an t-amscála ionduchtúcháin a thosaíonn an tráth a thairgtear áit do mhic léinn i gColáiste na Tríonóide agus a leanann ar aghaidh ar fud an chéad seimeastair
- cuirfear scileanna aistrithe agus staidéir le curaclam na chéad bhliana
- tabharfar isteach gníomhaíochtaí leanúnacha treoshuímh 'buaileadh isteach' ar fud an chéad seimeastair
- Déanfar Cairt na Mac Léinn a athscríobh agus scaipfear go forleathan í.

### A2.2 Timpeallachtaí na Mac Léinn

Leis na céadta bliain tá campas álainn láir cathrach forbartha ag Coláiste na Tríonóide, ar campas é a shíneann amach taobh amuigh de bhallaí an láithreáin oileánda bunaidh agus tá foirgnimh ann anois ar Shráid an Phiarsaigh, ar Shráid D'Olier, ar Phlás Foster, ar Shráid na bhFíníní agus ar Shráid Laighean Theas, chomh maith le campas cónaitheach a bheith ann i Halla na Tríonóide, Campas Teicneolaíochta agus Fiontraíochta Choláiste na Tríonóide (TTEC) ag Duga na Canálach Móire, agus campais in ospidéil oiliúna San Séamas agus Thamhlachta. Is ionann an meascán d'fhoirgnimh oidhreachta taobh le foirgnimh nua-aimseartha ar a bhfuil dearadh ceannródaíoch agus léiriú fisiciúil ar nuálaíocht agus traidisiún ar marthain le hais a chéile. Tá pobal bríomhar cónaitheach á chothú ag an gcoláiste, chomh maith le bonneagar múinteoireachta agus taighde a éascaíonn comhoibriú idirdhisciplíneach agus spásanna i gcomhair comhpháirteachais phoiblí. Tá tionchar á imirt freisin ag athruithe teicneolaíochta ar an tslí ina soláthraítear an t-oideachas. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go ligfidh ár gcuid spásanna do Choláiste na Tríonóide nuáil a dhéanamh ar luas níos tapa agus, ag an am céanna, cur lena chuid traidisiún daingean maidir le múineadh i ngrúpaí beaga agus foghlaim eispéireasach.

> Is ionann an meascán d'fhoirgnimh oidhreachta taobh le foirgnimh nua-aimseartha ar a bhfuil dearadh ceannródaíoch agus léiriú fisiciúil ar nuálaíocht agus traidisiún ar marthain le hais a chéile

**Trí Phlean Forbartha na nEastát agus an Bhonneagair[07] a chur i bhfeidhm, déanfaimid an méid seo a leanas:**

- soláthrófar foirgnimh nua agus déanfar foirgnimh láithreacha a athfheistiú le go mbeidh spásanna ann le haghaidh múinteoireachta i ngrúpaí beaga, le haghaidh oibre comhoibrithí agus le haghaidh cruinnithe mac léinn
- forbrófar bonneagar chun tacú le foghlaim eispéireasach do na mic léinn agus chun an pobal a nascadh le saol acadúil na hollscoile
- déanfar foirgnimh nua a dhearadh agus déanfar seanfhoirgnimh a athfheistú le go mbeidh spásanna ann a chothaíonn cur chuige 'saol cumaisc', lena n-áirítear spásanna lónadóireachta do phobal ilchineálach mac léinn, suíocháin bhreise ócáideacha ar an taobh istigh agus i ngarraithe atá ann cheana féin agus i ngarraithe nua
- méadú 2,000 a dhéanamh ar an líon leapacha atá ar fáil in árais cónaithe mac léinn ar an gcampas nó gar don champas; áireoidh sé sin árais nua cónaithe a chríochnú ar láithreán Theach Oisín faoin mbliain 2019
- cuirfear feabhas ar na saoráidí sa Leabharlann le go mbeidh tuilleadh rochtana ar na bailiúcháin taighde, agus cuirfear dlús le cruthú bailiúchán digiteach
- déanfar na spásanna i leabharlanna Berkeley, Lecky, Ussher agus Hamilton a athchumrú agus béim á leagan ar sholúbthacht chun comhoibriú a chatalú, chun stíleanna éagsúla, athraitheacha múinteoireachta, foghlama agus taighde a chumasú, agus chun teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chothú
- cinnteofar go mbeidh bonneagar IT na hollscoile in ann tacú le cur chuige 'tús áite don néalríomhaireacht' chun modhanna solúbtha a éascú ó thaobh seirbhísí múinteoireachta agus riaracháin a sholáthar do mhic léinn ar raon feistí agus ardán
- rachfar i mbun comhpháirtíochta le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun láithreáin an champais a nascadh leis an gcathair i gcomhréir le gaolmhaireacht atá níos oscailte ná riamh.

### A2.3 Seirbhísí do Mhic Léinn, Oidí agus Clárlann

Tá sé mar aidhm ag Coláiste na Tríonóide tacú le forbairt a chuid mac léinn trí eispéireas leathan ar scoláireacht agus ar phobal a chur ar fáil. Féachann na Seirbhísí do Mhic Léinn, Seirbhís Oidí na Mac Léinn agus an Chlárlann Acadúil le feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn. Déanann na Seirbhísí do Mhic Léinn sin tríd an mbealach comhtháthaithe ina soláthraíonn siad a gcuid seirbhísí agus, sa dóigh sin, cumasaíonn siad leas fisiciúil agus leas meabhrach, agus cuireann siad na nithe sin chun cinn, agus méadaíonn siad feasacht na mac léinn ar a gcuid buanna agus cumas féin. Déanann Seirbhísí Oidí na Mac Léinn cabhair agus comhairle a sholáthar do mhic léinn ar bhonn rúnda i ndáil le saincheisteanna pearsanta agus le saincheisteanna acadúla, agus feidhmíonn oidí an choláiste mar phléadálaithe ar son mac léinn in achomhairc acadúla agus in ábhar a bhaineann le cúrsaí araíonachta. Tá foireann chomhtháthaithe a dhíríonn ar sheirbhís a sholáthar ann sa Chlárlann Acadúil agus tacaíonn an fhoireann sin le mic léinn ag gach céim den tréimhse a chaitheann siad sa choláiste agus déantar amhlaidh i gcomhréir le héiteas urraime, gairmiúlachta, éifeachtúlachta agus nuálaíochta.

**I gcomhthéacs an phlean straitéisigh, déanfaimid an méid seo a leanas:**

- saineofar comhaontuithe leibhéil seirbhíse le mic léinn, a bhaineann le caighdeán agus soláthar seirbhísí, agus beidh múnlaí a bhaineann le hacmhainní a chur ar fáil á gcur i bhfeidhm chun an cumas agus an acmhainneacht a sholáthar le go bhféadfar déileáil le riachtanais na mac léinn atá ag éirí níos líonmhaire agus níos ilchineálaí i gcónaí

- déanfar córas sainiúil oidí pearsanta Choláiste na Tríonóide a chur chun cinn ar córas é trína gcinntítear go mbíonn rochtain ag gach mac léinn ar dhuine ar leithligh den fhoireann acadúil a cheaptar chun féachaint i ndiaidh leas agus fhorbairt na mac léinn faoina chúram/cúram
- déanfar ardáin chuí IT a fhorbairt tuilleadh chun seirbhísí iomchuí mac léinn a sholáthar ar líne
- tabharfar tacaíocht i leith athruithe eagrúcháin sa Chlárlann Acadúil chun feabhsú próiseas a chur ar bun agus déanfar cur chuige solúbtha foirne, mar aon le cur chuige dea-chleachtais i ndáil le soláthar seirbhísí, a fhorbairt
- déanfar feasacht na mac léinn ar chúrsaí sláinte a chur chun cinn.

## A2.4 Gníomhaíochtaí faoi cheannas na Mac Léinn

Aithníonn Coláiste na Tríonóide go bhfeabhsaíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí de chineál seach-churaclaim agus comhchuraclaim forbairt intleachtúil agus forbairt phearsanta na mac léinn. Éiríonn an spreagadh agus an díograis i leith eispéiris bhríomhair mic léinn as gníomhaíochtaí faoi cheannas na mac léinn. Is é atá i ról na hollscoile ná timpeallacht a chruthú ina gcothaítear agus ina spreagtar tionscnamh i measc na mac léinn trí chlubanna agus trí chumainn. Chomh maith leis sin, aithníonn Coláiste na Tríonóide an tábhacht atá ag tionscnaimh ar leithligh i ndáil le comhpháirteachas áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is é a bheidh i bpríomhchúram na hollscoile ná a chinntiú go n-éiríonn le gníomhaíochtaí faoi cheannas na mac léinn, agus go spreagtar dul i mbun gníomhaíochtaí den sórt sin, i gcomhréir le struchtúir acadúla agus riaracháin na hollscoile.


**Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- déanfar cláir acadúla agus amchlár Choláiste na Tríonóide a fhorbairt ar shlí ina n-éascaítear rannpháirtíocht i gclubanna agus i gcumainn agus comhpháirteachas pobail
- cinnteofar go ndéanfar riachtanais spáis na ngníomhaíochtaí faoi cheannas na mac léinn a chur san áireamh go cuí i bPlean Forbartha na nEastát agus an Bhonneagair
- cinnteofar go gcothaíonn beartais na hollscoile agus na nósanna imeachta riaracháin gníomhaíochtaí faoi cheannas na mac léinn, á aithint go bhfuil ról tábhachtach ag na gníomhaíochtaí sin i ndáil le heispéireas na mac léinn
- cuirfear feabhas ar Rolla Onóra Dhéan na Mac Léinn mar mhodh chun aitheantas foirmiúil a thabhairt don fhoghlaim a dhéanann mic léinn trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oibre deonaí ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta
- soláthrófar oiliúint agus forbairt scileanna gairmiúla d'oifigigh na gclubanna agus na gcumann ar mic léinn iad
- cuirfear córas ríomhphunainne ar fáil chun raon iomlán fhorbairt na mac léinn a chur san áireamh.

Aithníonn Coláiste na Tríonóide go bhfeabhsaíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí de chineál seach-churaclaim agus comhchuraclaim forbairt intleachtúil agus forbairt phearsanta na mac léinn







03

# Oideachas Choláiste na Tríonóide a Athnuachan





## A3.1 An Curaclam

Tá oideachas Choláiste na Tríonóide fréamhaithe i gcuraclam atá bunaithe ar thaighde agus ar scoláireacht reatha. Éiríonn neart an churaclaim as díograis na foirne acadúla a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu ina réimsí faoi seach, agus iad ag obair in éineacht le foireann ghairmiúil, theicniúil, riaracháin agus tacaíochta chun an leas is mó is féidir a bhaint as sármhaitheas agus as éagsúlacht na hollscoile ildisciplíní. Trínár gcuid clár, déantar saineolas disciplíneach a nascadh le sealbhú raoin leathan scileanna criticiúla le linn ár gcuid céimithe a ullmhú chun bheith ag obair ar mhodh oiriúnaitheach i suímh ilchineálacha. Á aithint go mbíonn an comhthéacs ina bhfeidhmíonn ár gcuid céimithe ag athrú de shíor, cinnteoimid go dtiocfaidh athrú ar ár gcuraclam i gcomhréir le fionnachtana nua maidir le heolas disciplíneach agus go ndéanfaimid an bhéim ar smaointeoireacht chriticiúil agus ar chothú saoirse intinne a choimeád ar bun.

> Trínár gcuid clár, déantar saineolas disciplíneach a nascadh le sealbhú raoin leathan scileanna criticiúla le linn ár gcuid céimithe a ullmhú chun bheith ag obair ar mhodh oiriúnaitheach i suímh ilchineálacha

**Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- cuirfear curaclam atá bunaithe ar thaighde chun cinn agus beidh deis ag gach uile mhac léinn mír taighde neamhspleách a chur i gcrích mar chuid dá gclár fochéime
- tabharfar isteach solúbthacht maidir le pátrúin ár gcuid clár agus, ag an am céanna, déanfar an neart disciplíneach ar a bhfuil ár gcáil i leith sármhaitheasa bunaithe a choimeád ar bun
- forbrófar na príomhscileanna a ghabhann le smaointeoireacht chriticiúil, le haithint fadhbanna, le réiteach fadhbanna, le hinoiriúnaitheacht agus le cumarsáid éifeachtúil, agus déanfar sin i gcomhthéacs clár de chineál disciplíneach agus ildisciplíneach
- cinnteofar go ndéanfar ár gcuraclaim agus ár n-oideolaíocht a fheabhsú trí theicneolaíochtaí nua agus paraidímí nua a ghlacadh
- i dtaca le gach clár de, forbrófar modúil chun forbairt a dhéanamh ar chruthaitheacht, ar aithint deiseanna agus ar ghlacadh rioscaí (mar chuid den Straitéis Nuálaíochta agus Fiontraíochta)
- déanfar leathnú ar ár dteagmháil le fostóirí lena chinntiú go gcuirtear cleachtais chomhaimseartha oibre san áireamh sna curaclaim agus go mbíonn ról cuí ag aiseolas i bhforbairt na gcuraclam
- déanfar modhanna neamhthraidisiúnta measúnachta a chur chun cinn chun measúnú níos cuimsithí ar chuspóirí oideachasúla gach cláir ar leith a éascú.


### A3.2 **Scileanna 21ú hAois**

Tá sé mar aidhm ag oideachas Choláiste na Tríonóide fonn saoil i leith shealbhú an eolais agus na tuisceana a chruthú inár gcuid mac léinn. Chomh maith leis sin, tá tábhacht le cumas cruthaitheachta agus nuálaíochta agus le buanna i leith tuisceana traschultúir, mar aon le bá le saoránacht dhomhanda. Leanfaimid dár gcuid mac léinn a oiliúint chun bheith ina gceannairí sa saol intleachtúil, cultúrtha, sóisialta, polaitíochta agus eacnamaíochta agus saothróimid deiseanna na timpeallachta digití cónasctha chun an cuspóir sin a bhaint amach.

**Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- déanfar gníomhaíochtaí faoi cheannas na mac léinn agus gníomhaíochtaí idir comhpháirtithe, ar gníomhaíochtaí iad trína bhforbraítear scileanna fíorthábhachtacha saoil, a chur chun cinn
- soláthrófar deiseanna a bhaineann le malartú domhanda, le staidéar thar lear, le hintéirneachtaí domhanda, le sealanna oibre i saotharlanna taighde agus le seirbhís-fhoghlaim agus, sa dóigh sin, cumasófar do mhic léinn forbairt a dhéanamh ar na scileanna atá riachtanach chun bheith rathúil
- cothófar caidreamh idir na mic léinn, an fhoireann acadúil agus alumni agus bainfear leas as an gcomh-saineolas sin ar mhaithe leis na mic léinn
- cuirfear feabhas ar na comhpháirtíochtaí le tionscail agus le gnóthaí agus le hinstitiúidí cultúir, idirchultúir agus sóisialta chun cur leis na deiseanna atá ann do mhic léinn forbairt a dhéanamh ar na scileanna is gá a bheith acu chun go n-éireoidh leo sa saol.











Student Startup Accelerator





### A3.3 Caidreamh le Fostóirí agus Gairmeacha

Déanfaidh Coláiste na Tríonóide a chaidreamh le fostóirí náisiúnta agus ilnáisiúnta a neartú, go háirithe leo sin atá gar dúinn i gcathair Bhaile Átha Cliath. Osclóimid comhráite nua faoin gcuraclam chun féachaint le tuairimí níos leithne a aimsiú faoi scileanna 21ú haois agus faoi conas is féidir linn comhoibriú a dhéanamh chun na scileanna sin a chur ar fáil. Sa bhliain 2013, rinneadh an tSeirbhís Gairmthreorach a athlonnú laistigh de Theagasc agus Foghlaim Choláiste na Tríonóide (mar chuid de Rannóg na Seirbhísí Acadúla), beidh an t-athlonnú sin ina chuidiú i dtaca lenár gcuid cuspóirí a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

— déanfar caidreamh lena ndéanfaidh tairbhe fhrithpháirteach a fhorbairt le fostóirí chun infhostaitheacht agus deiseanna forbartha gairmréime a neadú isteach sa churaclam fochéime

— cuirfear comhpháirteachas corparáideach chun cinn trí fhóram ardleibhéil ollscoile/fostóirí a bhunú

— bunófar an bonneagar tacaíochta atá ag teastáil chun comhpháirtíochtaí le fostóirí náisiúnta agus domhanda a fhorbairt agus a bhainistiú, ar comhpháirtíochtaí iad trína ndéanfar cláir intéirneachta san ionad oibre, sealanna taithí oibre agus malartuithe a chur ar aghaidh

— déanfar struchtúir atá ann cheana féin a fhorbairt chun méadú a dhéanamh ar na deiseanna a bhaineann le líonrú alumni agus le meantóireacht.

### A3.4 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Is é atá i gceist againn le forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) ná cúrsaí do mhic léinn nua agus do mhic léinn a fhilleann ar an gcoláiste i lár gairme, is é sin, cúrsaí a chumasóidh dóibh a gcuid eolais agus a gcuid scileanna gairmiúla a choimeád. Tá cúrsaí CPD éigeantach anois i gcuid mhór gairmeacha (e.g. gairmeacha an dlí, na hinnealtóireachta agus an leighis) agus is cuid riachtanach den fhoghlaim ar feadh an tsaoil iad. Tabharfaidh Coláiste na Tríonóide cúrsaí nua CPD isteach laistigh de na chéad chúig bliana eile, á dhíriú ar chomhpháirtíochtaí a fhorbairt le comhlachtaí gairmiúla agus le ceannairí domhanda sna réimsí éagsúla. Sa tslí sin, freastalóimid ar uaillmhianta oideachasúla na mac léinn atá ag éirí níos ilchineálaí ná riamh agus tabharfaimid tacaíocht i leith daonra dea-oilte a fhorbairt tuilleadh.

**Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

— forbrófar straitéis i ndáil le forbairt ghairmiúil leanúnach agus foghlaim ar feadh an tsaoil, ar straitéis í a oireann do na riachtanais eacnamaíochta agus sóisialta atá ag Éirinn faoi láthair agus don todhchaí

— cuirfimid Mol Gnó agus Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide sa riocht gur soláthróir ceannais oideachais agus oiliúna é i dtaca leis na gníomhaíochtaí éagsúla fiontraíochta

— déanfar Creidiúnú i leith Réamhfhoghlama a chur ar aghaidh mar chuid den chóras trína nglactar daoine isteach inár gcuid clár

— agus tríd an Tionscadal Oideachais Ar Líne, déanfaimid an méid seo a leanas:

a. bainfear úsáid as teicneolaíochtaí nua chun tacú le deiseanna foghlama solúbtha do mhic léinn, agus iad dírithe ar réimsí ina bhfuil éileamh náisiúnta agus idirnáisiúnta

b. cruthófar pobail foghlama dhomhanda trí chúrsaí ardchaighdeáin a bhfuil rochtain oscailte orthu (MOOC-anna) a sholáthar.

# B





Soláthraímid timpeallacht liobrálach ina dtugtar ardmheas ar shaoirse smaointeoireachta agus ina spreagtar do gach duine barr a gcumais a bhaint amach.

*Rachaimid i mbun taighde ceannródaíochta i ngach disciplín, agus forbairt réimsí nua idirdhisciplíneacha á spreagadh agus tionchar catalaíoch á imirt ar nuálaíocht áitiúil agus ar dhéileáil le dúshláin dhomhanda.*

04

# Buanna Daoine a Chur Chun Cinn




BIOHAZARD

### B4.1 Buanna a Shealbhú agus a Fhorbairt

Ní féidir cáil Choláiste na Tríonóide mar ollscoil lena ngabhann tábhacht dhomhanda a áirithiú feasta ach amháin trí fhoireann acadúil, riaracháin agus tacaíochtaí a bheith ann atá in ann ár misean a chur i bhfeidhm. Chun an méid sin a bhaint amach beidh gá le hiarracht ilchodach agus táthar tar éis straitéis acmhainní daonna a fhorbairt ar a dtugtar *Excelling Together*[08], ar straitéis í ina ndírítear ar na nithe seo a leanas:

- na poist is tábhachtaí ó thaobh bhaint amach ár misin a shainaithint agus na daoine is cumasaí ó áiteanna ar fud an domhain a mhealladh chun bheith san iomaíocht do na poist sin le go ndéanfaidh an coláiste acadóirí ceannais idirnáisiúnta a earcú ar daoine iad a bheidh in ann sármhaitheas ár dtaighde agus ár gcáil dhomhanda a stiúradh trí bhíthin a bhfíse, a gceannaireachta agus a gclú
- na hinniúlachtaí ceannaireachta atá ag teastáil chun ár misean a chur i bhfeidhm ar mhodh atá i gcomhréir lenár luachanna a shainaithint agus a chur chun cinn
- próiseas oiriúnach bainistithe feidhmíochta a sholáthar do gach duine den fhoireann, go háirithe córas rianaithe tionachta a fhorbairt don fhoireann acadúil, ar córas é ina n-áireofar promhadh, dul chun cinn agus próisis ardaithe céime
- leanúint den mhúnla múinteora-scoláire a chur chun cinn agus, ag an am céanna, rianta breise gairmréime a thabhairt isteach ar tríothu is féidir buanna na foirne agus sainiúlacht na ndisciplíní a ailíniú an méid is mó is féidir, lena n-áirítear grád nua ollaimh cleachtais a thabhairt isteach agus trí chonair ghairmréime níos struchtúrtha a fhorbairt do chomhaltaí múinteoireachta agus do thaighdeoirí
- clár saoire taighde a thabhairt isteach agus é dírithe ar thaighde agus ar scoláireacht uaillmhianach, agus ar spriocanna múinteoireachta atá bunaithe ar thaighde, a chur chun cinn
- a chinntiú go bhfuil na hacmhainní againn chun baill foirne sármhaithe a mhealladh agus a choimeád, go háirithe trí mhéadú a dhéanamh ar Chiste Dearlaice an Choláiste chun tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh infheistíochta i soláthar foirne san fhadtéarma.

### B4.2 Eagrúchán Solúbtha

Beidh cur i bhfeidhm uaillmhianta an phlean straitéisigh ag brath ar dheimhin a dhéanamh de gur féidir le Coláiste na Tríonóide dúshláin nua a shainaithint agus gníomhú ina leith ar mhodh solúbtha, tapa. Mar thoradh ar infheistíochtaí atá déanta le déanaí i dteicneolaíochtaí agus i gcórais nua (e.g. An Córas Faisnéise do Mhic Léinn (SITS), an Córas Faisnéise Airgeadais (FIS), agus Faisnéis agus Seirbhísí HR (Core HR)) agus, chomh maith leis sin, mar thoradh ar chríochnú tionscadail athchóirithe riaracháin (Tacaíochtaí i ndáil le hAthchóiriú agus Claochlú Riaracháin Choláiste na Tríonóide, START), tá deiseanna breise ann chun athdhearadh eagrúcháin a dhéanamh.

**Bainfimid eagrúchán solúbtha amach tríd an straitéis acmhainní daonna, *Excelling Together*, a bhfuil na nithe seo a leanas i measc a haidhmeanna:**

- a chinntiú go mbeidh sraith tionscnamh forbartha foirne ar fáil chun feabhas a chur ar ár gcumas chun déileáil le riachtanais athraitheacha
- an raon ionstraimí agus idirghabhálacha acmhainne daonna a chumasaíonn solúbthacht i bpróifíl an fhórsa saothair a fhorbairt, a chur in iúl agus a chur i bhfeidhm







Ní féidir cáil Choláiste na Tríonóide mar ollscoil lena ngabhann tábhacht dhomhanda a áirithiú feasta ach amháin trí fhoireann acadúil, riaracháin agus tacaíochtaí a bheith ann atá in ann ár misean a chur i bhfeidhm

- comhaontú téarfa shaorálaigh a fhorbairt, agus ceadú a fháil ina leith, chun laghdú a dhéanamh ar chostas phárolla na hollscoile
- scéimeanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ndáil le forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD), athlonnú agus athoiliúint chun a chinntiú go ndéanfar acmhainní tacaíochta a ailíniú go cuí le riachtanais na hollscoile.

### B4.3 **Acadamh Múinteoireachta, Foghlama agus Taighde**

Mar thoradh ar athruithe ar mhodhanna múinteoireachta agus, chomh maith leis sin, ar ionchais foghlaimeoirí an 21ú haois, ní mór d'acadóirí a bheith ag cur lena gcuid scileanna ar bhonn leanúnach le gur féidir leo coinneáil cothrom le dáta le teicneolaíochtaí nua agus le hoideolaíochtaí nua. Á aithint sin, déanfar an Lárionad um Chleachtais Acadúla agus Foghlaim na Mac Léinn (CAPSL) a athchóiriú chun Acadamh Múinteoireachta, Foghlama agus Taighde a chruthú. Le linn leanúint de shainiúlacht oideachas Choláiste na Tríonóide a fhorbairt agus a chur chun cinn, déanfaidh an t-acadamh dea-chleachtas domhanda in ardoideachas a scaipeadh ar phobal an choláiste. Déanfaimid modhanna múinteoireachta agus foghlama trí mheán ríomhairí agus cur chuige oideolaíochta nuálach, gaolmhar a chur chun cinn chun feabhas a chur ar an bhfoghlaim a dhéanann na mic léinn.

**Bainfidh an t-acadamh an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- feidhmeoidh sé mar ghorlann le haghaidh nuálaíochta i ndáil le forbairt an churaclaim agus dearadh cúrsaí, i ndáil le straitéisí i gcomhair múinteoireachta agus foghlama níos fearr trí mheán ríomhairí, i ndáil le modhanna meastóireachta agus i ndáil le maoirseacht taighde
- soláthróidh sé oiliúint le haghaidh ceannaireachta taighde, lena n-áirítear clár oibre taighde a chur ar aghaidh, forbairt tograí agus dréachtú deontas, forbairt agus bainistiú foirne taighde, foirmiú comhpháirtíochtaí agus tionchar a chur in iúl
- tacóidh sé le forbairt leanúnach oideachas sainiúil, taighde-bhunaithe na Tríonóide ina n-áirítear cláir leanúnacha taighde agus oiliúna maidir le cleachtas acadúil
- cuirfidh sé sármhaitheas chun cinn maidir le múinteoireacht agus taighde trí dheiseanna forbartha gairmréime a sholáthar ar mhodh oiliúna deimhnithe agus forbartha gairmiúla leanúnaí.

### B4.4 **Rialachas i gColáiste na Tríonóide**

Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta i leith cineáil rialachais trína leantar de chumasú don ollscoil a misean a bhaint amach ar mhodh éifeachtach, cuntasach. Cloíonn sé leis an bprionsabal ar dá réir a bhíonn an fhoireann agus na mic léinn rannpháirteach sa rialachas agus, dála cuid mhór de phríomh-ollscoileanna an domhain, lena n-áirítear Oxford, Cambridge agus Harvard, cuireann sé féinrialachas chun cinn mar chumasóir tábhachtach i leith sármhaitheasa acadúla. Tá struchtúir rialachais Choláiste na Tríonóide leagtha síos in *Acht na nOllscoileanna 1997* agus san *Acht um Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Cairteacha agus Litreacha Paitinne a Leasú) 2000*. Mar aitheantas ar bunús dlí agus traidisiún sainiúil, seanbhunaithe Choláiste na Tríonóide, déantar socrú le hAcht 2000 maidir le ballraíocht Bhord Choláiste na Tríonóide a bheith éagsúil leis na sé ollscoil eile lena mbaineann *Acht 1997*. De bharr féinrialachais fhreagraigh, bhí Coláiste na Tríonóide in ann oiriúnú a dhéanamh do chúinsí athraitheacha agus, ag an am céanna, choinnigh sé a cháil i leith ardchaighdeán agus i leith trédhearcacht a léiriú dá gheallsealbhóirí éagsúla, lena n-airítear na mic léinn, an fhoireann, na alumni, na maoinitheoirí, an rialtas agus an pobal áitiúil. Agus a thábhacht leanúnach á aithint aige, leanfaidh Coláiste na Tríonóide den fhéinrialachas

freagrach a chur chun cinn agus de thrédhearcacht a chur ar aghaidh i ndáil le cinnteoireacht le linn ár misean acadúil i leith múinteoireachta agus taighde a chur chun cinn.

**Bainfimid na cuspóirí seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh**

— a chinntiú go gcomhlíonfar an cód earnála *Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann, 2012* atá comhaontaithe leis an HEA agus go gcomhlíonfar *Cód Rialachais Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 2013* atá ceadaithe ag Bord an Choláiste[09]

— an *Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas* a chur ar aghaidh trí chomhoibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar bhonn ár misin sainiúil

— dul i dteagmháil leis an HEA trí phróiseas straitéiseach idirphlé chun na cuspóirí atá comhaontaithe inár gComhshocrú Feidhmíochta Misean-Bhunaithe a bhaint amach

— idirchaidreamh gníomhach a choimeád ar bun leis an Aire Oideachais agus Scileanna, leis an Aire Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta agus leis an Aire Sláinte, agus lena ranna faoi seach, chomh maith le gníomhaireachtaí cuí eile de chuid an stáit, maidir le saincheisteanna a bhaineann le forbairt beartais agus reachtaíochta

— struchtúir rialachais na hollscoile a choimeád faoi athbhreithniú chun a chinntiú:

— go gcomhlíonann siad an dea-chleachtas idirnáisiúnta i leith ollscoileanna ardrangaithe agus go soláthraíonn siad lán-chuntasaíocht do na geallsealbhóirí go léir i ngach gníomhaíocht de chuid Choláiste na Tríonóide

— i gcás inar fearr gníomhaíochtaí a chur i gcrích trí oibriú ar mhodh príobháideach, amhail trí struchtúr cuideachta, go ndéantar na deiseanna sin a mheasúnú go hiomlán agus a chur i ngníomh má thacaíonn an cás gnó leo.







05

# Comhpháirtíochtaí Luachmhara a Chruthú





### B5.1 Éiceachóras Nuálaíochta

I Straitéis Nuálaíochta agus Fiontraíochta (I&E) Choláiste na Tríonóide[10], déantar nuálaíocht agus fiontraíocht a shainaithint mar ghnéithe lárnacha de ghníomhaíocht Choláiste na Tríonóide amach anseo. Sainaithníonn an straitéis an iliomad riochtaí ina dtagann nuálaíocht agus fiontraíocht chun cinn (mar shampla, riocht eolaíochta, teicneolaíochta, tráchtála, sóisialta, cruthaitheach agus cultúir) agus sainaithníonn sí bonn leathan traidisiúnta chomhpháirteachas disciplíneach na hollscoile mar dheis i gcomhair rannpháirtíochta leithne sa nuálaíocht agus san fhiontraíocht. Is é atá i gcuspóir Choláiste na Tríonóide ná ról ceannais a ghlacadh i ndáil le cur chuige fíor-chomhtháthaithe a fhorbairt i leith na nuálaíochta agus na fiontraíochta, ar cur chuige é a chlúdóidh an eolaíocht bhunúsach agus na daonnachtaí. Mar chuid den straitéis I&E, tá Coláiste na Tríonóide tiomanta freisin i leith an chuspóra ar dá réir a fhorbrófar caidreamh le tionscail, ar caidreamh é a bheidh bunaithe ar chomhphairtíochtaí lena ngabhann tairbhe fhrithpháirteach.[11]

**Is iad seo a leanas na cuspóirí ardleibhéil:**

- Mol Nuálaíochta agus Fiontraíochta Choláiste na Tríonóide a bhunú chun tacú le gníomhaíocht nuálaíochta agus fiontraíochta ar fud na hollscoile, agus leas á bhaint as láidreachtaí taighde ár gcuid institiúidí agus scoileanna
- leathnú a dhéanamh ar an Scoil Ghnó le go mbeidh ról ceannais aici mar fhoinse oideachais agus oiliúna trína dtabharfar tacaíocht don nuálaíocht agus don fhiontraíocht ar fud na hollscoile agus na cathrach
- forbairt a dhéanamh ar an Oifig Comhpháirtíochta Corparáidí agus Malartaithe Eolais chun Coláiste na Tríonóide a chur chun cinn mar chomhpháirtí dá dtugann tionscail agus gnóthaí tús áite, chun tacú le rochtain ar mhaoin intleachtúil agus chun seirbhísí eolas-bhunaithe a sholáthar do chuideachtaí
- an maoiniúchán díreach do thaighde a mhéadú faoi dhó trí €20m a fháil ó thionscail laistigh de na cúig bliana a bheidh an plean straitéiseach i bhfeidhm
- an líon Gradam Comhpháirtíochta Nuálaíochta a mhéadú faoi dhó
- seirbhís fhoirmiúil fiontar-mheantóireachta a bhunú, agus tacaíocht a thabhairt don tseirbhís sin tríd an gclár maidir le fiontraí cónaitheach a leathnú.

### B5.2 Comhoibriú ar leibhéal Náisiúnta

Is í is aidhm don *Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas* ná córas ardoideachais comhleanúnach, inbhuanaithe a fhorbairt chun freastal ar riachtanais eacnamaíochta agus sóisialta na tíre i gcomhthéacs ar dá réir atá sochaí eolais atá bunaithe ar onnmhairiúchán a chruthú.[12] Agus leas á bhaint as Comhghuaillíocht Nuálaíochta TCD/UCD a seoladh sa bhliain 2009, tá cúig chomhpháirtí náisiúnta san iomlán ann anois i mBraisle Cholún 1 – Baile Átha Cliath/Cúige Laighean a leanfaidh de ról lárnach a bheith aige i ndáil le freastal ar riachtanais na hÉireann ó thaobh caipitil dhaonna agus scileanna sa todhchaí. I gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, le hInstitiúid Oideachais Marino, leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus le hInstitiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, déanfaimid raon comhoibrithe struchtúrtha atá bunaithe ar láidreachtaí na n-institiúidí comhphairtíochta faoi seach a chur ar aghaidh agus, sa dóigh sin, cuirfear feabhas ar na torthaí i gcás taighde, oideachais agus nuálaíochta agus déanfar an méid sin ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

**Neartóimid comhoibriú náisiúnta tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- forbrófar struchtúr i gcomhair pleanála acadúla comhroinnte (lena n-áirítear múinteoireacht, taighde agus nuálaíocht) i mBraisle Cholún I – Baile Átha Cliath/Cúige Laighean, agus mar bhuntaca leis sin déanfar léarscáiliú ar réimsí tosaíochta agus nirt chun tacú le cur chuige

comhordaithe i leith conairí i dtreo aistrithe agus dul chun cinn

- déanfar próifíl agus tionchar na hInstitiúide Oideachais Múinteora nuabhunaithe a chur ar aghaidh trí chomhchláir nua, nuálacha a chruthú agus trí comhoibrithe suaitheanta taighde a fhorbairt i ndáil le hoideachas tosaigh múinteora
- bainfear leas as an gcomhiontaobhas idir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Proibhinse Eorpach na mBráithre Críostaí chun ár gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Oideachais Marino a neartú trí chomhstraitéis a fhorbairt
- neartófar an chomhpháirtíocht le Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann (RIAM) mar Choláiste Comhlachaithe
- leanfar de na comhghníomhaíochtaí le Coláiste Cheatharlach sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta
- forbrófar taisce náisiúnta ina ndéantar bainistiú comhoibritheach bailiúchán agus stóráil ardcháilíochta ó thaobh cúrsaí timpeallachta de a chur i bhfeidhm le comhpháirtithe oideachais agus náisiúnta
- leanfar le bheith gníomhach i dtaca le comhpháirtíochtaí luachmhara le hinstitiúidí eile ar oileán na hÉireann a lorg.

### B5.3 Coláiste na Tríonóide mar Chothaitheoir Ealaíne Cruthaithí


Tá Coláiste na Tríonóide sa riocht uathúil gur féidir leis ról láidir a bheith aige i ndáil le cabhair a thabhairt maidir le cothú na n-ealaíon cruthaitheach agus cultúir i gcathair Bhaile Átha Cliath. Is féidir linn taighde agus oideachas a nascadh go straitéiseach le cleachtas cruthaitheach sa chathair agus na nithe sin a nascadh le líonraí Eorpacha agus le líonraí domhanda. Is féidir le naisc den sórt sin tallann na cruthaitheachta a spreagadh agus meoin fiontraíochta a chumasú agus, ag an am céanna, rannchuidiú le hinbhuanaitheacht an chultúir agus na fiontraíochta cruthaithí sa phríomhchathair. Agus béim a leagan ar shaothair bhunaidh chruthaitheacha, bunóimid cur chuige comhtháthaithe i leith spás a chur ar fáil do léirithe saothair chruthaithigh, do chomhoibriú cruthaitheach agus do shaothar trialach cruthaitheach.


**Feidhmeoimid mar chothaitheoir ealaíne cruthaithí trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

- tabharfar aitheantas do luach na gníomhaíochta ar leibhéal pobail trí chleachtóirí cruthaitheacha a chur ag gabháil do ghlaonna oscailte agus do chomhpháirteachas bróicéireachta a bhaineann le dúshláin chruthaitheachta agus téamaí taighde
- tabharfar ról do alumni agus d'fhiontraithe mar mheantóirí i gcláir struchtúrtha atá saincheaptha i gcomhréir le riachtanais fiontraithe cruthaitheacha agus sóisialta, agus béim ar leith á leagan ar inneachar a chruthú
- déanfar spásanna cruthaitheachta lena ngabhann fócas seachtrach a chur ar fáil – comhéadan póiriúil leis an gcathair trí bhíthin spásanna comhtháthaithe de chineál sóisialta, comhoibritheach agus cultúir
- cuirfear feabhas ar na láidreachtaí láithreacha ó thaobh taighde agus oideachais trí bhíthin ollúnachtaí taca, cúrsaí gearra agus cúrsaí saincheaptha i gcomhair fiontraíochta cultúir agus cruthaitheachta
- bunófar 'Trinity Creative' – is é sin, clár faoi chúram coimeádaí i spásanna láithreacha – mar nasc idir oideachas, taighde agus cleachtas, agus infheictheacht á méadú agus deiseanna nua á spreagadh
- bunófar 'The Connector' – is é sin, spás cruthaitheach ilchuspóra i lár chathair Bhaile Átha Cliath chun tallann a mhealladh, na dálaí cearta a chruthú i gcomhair fiontraíochta cruthaithí agus saothair nua chruthaitheacha a ghiniúint.

*Fíor 2*

# Sócmhainní agus Acmhainní Cruthaitheachta Láithreacha








**01** CRANN – An Lárionad Um Thaighde ar Nanaighléasanna agus ar Nanastruchtúir Oiriúnaitheacha




**02** AN tÁILÉAR EOLAÍOCHTA – Spás Eolaíochta, Ealaíne & Dearthóireachta



**03** LIR – Acadamh Náisiúnta na Drámaíochta




**04** ATRL – Saotharlann Taighde Ealaíon agus Teicneolaíochta



**05** CTVR – An Lárionad um Thaighde ar an Teileachumarsáid



**06** MOL AN TSEOMRA FHADA, COLÁISTE NA TRÍONÓIDE – Institiúid Taighde na nEalaíon & na nDaonnachtaí



**07** MMT – Teicneolaíochtaí Ceoil & Meán



**08** GMB – Stair & Fealsúnacht





**09** LAUNCHBOX – Clár luathaithe do ghnóthaí nuathionscanta



**10** MSCIDM – Meáin Dhigiteacha Idirghníomhacha














### B5.4 Trinity Health Ireland & Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath-Lártíre

Is é atá in Trinity Health Ireland (THI) ná comhoibriú foirmiúil idir an ollscoil, Ospidéal San Séamasas, Ospidéal Thamhlachta agus Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus do Naíonáin. Tá sé mar aidhm ag THI lárionad agus córas sláinte bríomhar, forásach, acadúil a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige agus ina gcomhtháthaítear réimsí an taighde, an oideachais idirghairme agus soláthair seirbhísí. I measc na luachanna atá ann mar bhuntaca leis an lárionad sláinte áirítear idirdisciplíneacht, nuálaíocht agus aistriú eolais, agus leas á bhaint as láidreachtaí seanbhunaithe Dhámh ildisciplíneach na nEolaíochtaí Sláinte/Scoil an Leighis agus as timpeallacht na sármhaitheasa ar fud Choláiste na Tríonóide ó thaobh an taighde de.

Tá fás Trinity Health Ireland ag tarlú i dtimpeallacht dhinimiciúil i ndáil le soláthar seirbhísí sláinte in Éirinn agus tar éis don Aire Sláinte fógra a thabhairt sa bhliain 2013 go rabhthas chun grúpaí ospidéal a chruthú agus í mar aidhm leis sin ná iontaobhais neamhspleácha ospidéil a chruthú. Is é Coláiste na Tríonóide comhpháirtí acadúil Ghrúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath/Lártíre agus tá sé beartaithe go ndéanfaidh THI agus an Grúpa Ospidéal ailíniú de réir a chéile, á chur san áireamh gurb é atá i dtéamaí taighde THI ná aosú, ailse, leigheas aistritheach agus sláinte an daonra. Leanfaidh comhshuíomh saoráidí sonracha taighde agus oideachais ar champais na n-ospidéal de bheith ina chumasóir tábhachtach i dtaca le misean Choláiste na Tríonóide de, go háirithe i réimse na teiripice aistrithí agus i réimse an taighde agus an oideachais chliniciúil agus daonra. Trí THI, beidh Coláiste na Tríonóide ag iarraidh cúram sláinte de chineál sármhaith a chur chun cinn, agus taighde agus oideachas a bheith mar bhuntaca leis sin, mar aon le nuálaíocht a bheith ann ina chroílár.


**Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

— bailchríoch a chur ar struchtúr THI le go bhfeidhmeoidh sé mar scáth-eagraíocht do lárionad sláinte ildisciplíneach, ileagraíochta, acadúil a chuirfidh pleananna an rialtais i bhfeidhm maidir le Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath/Lártíre agus maidir leis an aistriú sa deireadh chuig an struchtúr iontaobhais neamhspleách ospidéil atá beartaithe

— struchtúr riaracháin a bhunú trína dtabharfar tacaíocht don mhúnla nua sin ina n-áireofaí taighde ildisciplíneach, clár oibre aistritheachta agus forbartha cleachtais ar dá réir atáthar in ann gníomhú go cuí nuair a thagann athruithe chun cinn, as a leanann feabhsuithe ar bhainistiú cúraim sláinte agus a sholáthraíonn eolas a chabhraíonn le tuiscint nua a fháil ar chomhdhéanamh galar agus ar sholáthar cóireála.

Beidh Coláiste na Tríonóide ag iarraidh cúram sláinte de chineál sármhaith a chur chun cinn, agus taighde agus oideachas a bheith mar bhuntaca leis sin, mar aon le nuálaíocht a bheith ann ina chroílár

06





# Taighde ar mhaithe le Tionchar a Imirt











Leanfaidh ár straitéis de bhéim a leagan ar thaighde idirdhisciplíneach agus ar scoláireacht lena ngabhann tábhacht idirnáisiúnta a fhorbairt

B6.1 **Réimsí Taighde i gColáiste na Tríonóide**

Sa tréimhse 2014–19, forbróimid agus feabhsóimid eolas forleathan ildisciplíneach Choláiste na Tríonóide, á aithint mar an tsaintréith is tábhachtaí de chuid ollscoile lena ngabhann tábhacht idirnáisiúnta agus mar dhúshraith riachtanach i gcomhair tús a chur le tionscnaimh ildisciplíneacha. Leanfaidh ár straitéis de bhéim a leagan ar thaighde idirdhisciplíneach agus ar scoláireacht lena ngabhann tábhacht idirnáisiúnta a fhorbairt. Déanfaidh Coláiste na Tríonóide a thionchar taighde a uasmhéadú agus feabhsóidh sé cáil dhomhanda na hÉireann mar shuíomh chun eolas a chruthú.

Sa tréimhse 2011–14, rinneadh taighde ildisciplíneach a eagrú ina 21 théama mar a leanas: Aosú; Ailse; Cleachtadh na nEalaíon Cruthaitheach; Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha; na Daonnachtaí Digiteacha; Géinte agus an tSochaí; Féiniúlachtaí á gClaochlú; Imdhíoneolaíocht, Athlasadh agus Infhabhtú; Sochaí Uilechuimsitheach; Inneachar Cliste agus Cumarsáid Chliste; Forbairt Idirnáisiúnta; Comhtháthú Idirnáisiúnta; Éire a Chruthú; Cultúir Lámhscríbhinne, Leabhair agus Cló; Matamaitic na Castachta; Naineolaíocht agus Ábhair; Néareolaíocht; Feistí Liachta den chéad ghlúin eile; Cathracha Cliste, Inbhuanaithe; Timpeallacht Inbhuanaithe; agus Teileachumarsáid.

Ag an leibhéal is airde, déantar na téamaí taighde sin a choincheapú mar nithe a thugann aghaidh ar sheacht gcinn de réimsí taighde, mar atá:

- sláinte
- cruthaitheacht
- inbhuanaitheacht
- an tsochaí
- neamhspleáchas
- teicneolaíocht
- inneachar

(Féach fíor 3, lch. 60–61.)

Is é atá sa straitéis ná tionchar a uasmhéadú agus buntaca a bheith ann do gach réimse trí bhíthin struchtúr eagrúcháin

- atá inmheánach ó thaobh na hollscoile de (e.g. Institiúidí Taighde Choláiste na Tríonóide), nó
- atá seachtrach ó thaobh na hollscoile de, ar mhodh comhpháirtíochtaí straitéiseacha (e.g. Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann), nó
- ar tionscnaimh náisiúnta iad agus Coláiste na Tríonóide i gceannas orthu (e.g. Lárionad AMBER, maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann).

Aithníonn Coláiste na Tríonóide go bhfuil gá le fócas má táthar chun cláir thaighde ildhisciplíneacha lena ngabhann fíorthábhacht idirnáisiúnta a bhunú. Faoin bplean straitéiseach, déanfaimid na gníomhaíochtaí taighde sin a bhfuil aitheantas ag an ollscoil cheana féin mar phointe tagartha domhanda ina leith, nó a bhféadfadh aitheantas den sórt sin a bheith aici roimh i bhfad eile, a shainaithint ar mhodh athbhreithnithe idirnáisiúnta. Sainaithneoimid freisin na réimsí atá ag teacht chun cinn faoi láthair agus a bhféadfaí a chumasú dóibh fás thar am ó thaobh tábhachta de. Is iad na critéir a úsáidfear ná na daoine ar fad den fhoireann atá bainteach leis an ábhar ag gach leibhéal gairmréime – gan brath ar dhuine amháin ná ar líon beag daoine – obair shuntasach aitheanta i leith eolas a chur ar fáil, agus cómhisean taighde a bheith ann ina dtugtar aghaidh ar shaincheist na suntasachta aitheanta don tsochaí. Tabharfar tacaíocht do na réimsí sin trí rochtain tosaíochta ar chláir straitéiseacha soláthair foirne, ar mhaoiniúchán straitéiseach agus ar acmhainní eile a bheidh ar fáil don ollscoil.

**Bainfaimid cuspóir an tionchair níos mó amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- an t-athbhreithniú cuimsitheach ar ár 21 théama taighde a tosaíodh i mí Aibreáin 2014 a chur i gcrích agus, ina dhiaidh sin, leanúint den scrúdú i dtaobh conas is féidir le hathchumrú dinimiciúil feabhas a chur ar thionchar an taighde
- an bhéim a leagaimid ar thaighde idirdhisciplíneach a mhéadú trí oscailteacht a chur chun cinn agus a spreagadh thar na teorainneacha disciplíneacha agus na cultúir dhisciplíneacha go léir

- cultúr aitheantais a bhunú ar bhonn níos leithne, ar cultúr é ar dá réir a thugtar aitheantas agus a dhéantar ceiliúradh i gcás ina mbíonn taighde agus scoláireacht rathúil ann
- idirdisciplíneacht agus comhoibriú a chothú, agus luaíocht a thabhairt ina leith, agus, ag an am céanna, meas a léiriú do luach an scoláire aonair
- creat a fhorbairt chun tacú le réimsí aitheanta sármhaitheasa taighde agus le réimsí den sórt sin atá ag teacht chun cinn
- leas a bhaint as torthaí an taighde i gcomhair ár gCeist Taighde Dhomhanda (féach Ceist Taighde Dhomhanda thíos).

### B6.2 **Timpeallachtaí Taighde**

*Sine qua non* i dtaca le sármhaitheas taighde de is ea bonneagar den scoth trína dtugtar tacaíocht do chomhoibriú ildisciplíneach, do chomhpháirtíochtaí taighde idirnáisiúnta agus do ghaolmhaireachtaí ilchodacha le tionscail agus le gníomhaithe fíorthábhachtacha eile. Ní mór rannpháirtíocht phoiblí a éascú freisin a mhéid a bhaineann le saincheisteanna taighde lena ngabhann ábhar imní sochaíoch agus dúshlán domhanda. Cuirfimid feabhas suntasach ar chainníocht agus ar cháilíocht ár gcuid timpeallachtaí taighde thar thréimhse an phlean seo lena chinntiú go bhfeabhsófar sármhaitheas taighde Choláiste na Tríonóide agus go méadófar tionchar an taighde sin.

**Trí Phlean Forbartha na nEastát agus an Bhonneagair a chur i bhfeidhm, déanfaimid an méid seo a leanas:**

- cuirfimid bailchríoch ar Mhol Gnó agus Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide ina n-áireofar Scoil nua Gnó Choláiste na Tríonóide agus Mol Nuálaíochta agus Fiontraíochta agus a thiocfaidh chun bheith ina fhórsa comhtháthaitheach i leith na nuálaíochta agus ina spreagthóir i leith taighde aistrithigh
- dearfar agus tógfar déanmhas nua suaithinseach chun fónamh mar lárionad don innealtóireacht agus do na heolaíochtaí nádúrtha in E3 – An Institiúid Innealtóireachta, Fuinnimh agus Comhshaoil. Déanfaidh E3 taighde a chur chun cinn a thugann aghaidh ar thosaíochtaí eacnamaíochta na hÉireann agus a rannchuideoidh le fás, le hiomaíochas agus le cruthú post
- oibreofar i gcomhar lenár gcomhpháirtithe chun Institiúid Ailse a chruthú ina ndéanfar comhtháthú ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le hailse, lena n-áirítear cúram, taighde agus oideachas i ndáil le hailse, agus í suite i suíomh amháin ina soláthrófar deis thar na bearta chun feabhas a chur ar chúram sláinte a bheidh bunaithe ar thaighde ceannródaíochta
- feabhsófar na saoráidí sa Leabharlann le go gcumasófar rochtain dhomhanda níos mó ar na bailiúcháin taighde rud a luathóidh rochtain ar ábhair uathúla, shainiúla na Leabharlainne ar mhaithe le réimsí nua scoláireachta a bhunú, a bhainfidh leas as saineolas leabharlannaíochta maidir le hiompar úsáideoirí agus ábhair le linn comhpháirtíochtaí a bhaineann le téamaí taighde a chur i gcrích agus a fhorbróidh prótacail bhainistithe sonraí chun buaine na n-aschur taighde a chinntiú.

### B6.3 Saincheist Taighde Dhomhanda

Is iad na hollscoileanna atá ann ar fud an domhain an grúpa is mó taighdeoirí ag a bhfuil an tsaoirse chun déileáil leis na saincheisteanna móra nach mór don chine daonna aghaidh a thabhairt orthu. Ina cháil mar institiúid neamhbhrabúsmhar atá ag obair ar mhaithe le leas an phobail, tá deis ann do Choláiste na Tríonóide aghaidh a thabhairt ar shaincheist taighde dhomhanda (GRQ), i gcomhar le comhlachtaí eile ag a bhfuil na tuairimí céanna atá againne, b'fhéidir, agus sin a dhéanamh ar mhodh a fheabhsaíonn cáil na hÉireann sa domhan agus ag a mbeidh tionchar dearfach domhanda fadtéarmach.

**Le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh seo, déanfaimid an méid seo a leanas:**

- tabharfaimid aghaidh ar GRQ a bhainfidh leas as láidreachtaí Choláiste na Tríonóide, i dtéarmaí mhisean na hollscoile agus scileanna agus acmhainní a foirne, agus fógróimid an GRQ laistigh den chéad bhliain den phlean straitéiseach seo
- sainaithneoimid comhpháirtithe cuí agus bunóimid líonra domhanda ollscoileanna, institiúidí taighde agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a bheidh in ann idirghabháil dhearfach fhadtéarmach a dhéanamh, agus iad ag obair le chéile, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist taighde lena ngabhann tábhacht dhomhanda
- beidh tionchar infheicthe againn ar GRQ, agus leanfaidh athrú inaitheanta as sin i dtéarmaí torthaí praiticiúla.

> Cuirfimid feabhas suntasach ar chainníocht agus ar cháilíocht ár dtimpeallachtaí taighde le linn thréimhse an phlean seo

### B6.4 Aschuir Thaighde

Aon ollscoil a bhíonn san iomaíocht ar bhonn domhanda chun teacht ar mhic léinn chumasacha agus ar bhaill foirne chumasacha, agus chun teacht ar chonarthaí taighde sa réimse tionscail agus ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha, ní mór di aitheantas a thabhairt don tábhacht atá ag na ranguithe idirnáisiúnta, d'ainneoin na srianta a bhaineann leis na ranguithe sin. Dá bhrí sin, cuspóir de chuid na hollscoile is ea a hionad i ranguithe ollscoileanna domhanda áirithe a ardú.

**Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- sprioc a leagan síos chun feabhas a chur ar ionad Choláiste na Tríonóide i measc an 20 ollscoil is fearr san Eoraip i dtaca le mór-rangú ollscoileanna domhanda amháin ar a laghad, agus chun Coláiste na Tríonóide a shuíomh sna leibhéil uachtaracha den 100 ollscoil is fearr ar domhan i dtaca le mór-rangú ollscoileanna domhanda amháin ar a laghad agus an sprioc sin a chur chun cinn mar chómhisean do phobal an choláiste
- réimsí láidreachta ina bhfuil taighdeoirí ardfheidhmíochta faoi láthair a neartú, ar taighdeoirí iad a bhfuil an cumas acu rannchuidiú a dhéanamh láithreach maidir le misean agus cáil taighde Choláiste na Tríonóide
- féachaint le láidreacht taighde a fheabhsú i réimsí eile trí thacú le taighdeoirí a bhfuil an cumas acu rannchuidiú níos mó a dhéanamh maidir le haschur taighde agus feidhmíocht sna ranguithe
- 25 ghradam ar a laghad de chuid na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC) a fháil agus maoiniúchán taighde €125m a fháil ó chlár Horizon 2020
- scéim meantóireachta uile-ollscoile a bhaineann go sonrach le disciplíní áirithe a thionscnamh chun tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne maidir le leibhéil chuí feidhmíochta a bhaint amach agus an scéim sin a bheith ailínithe le próiseas pleanála taighde ilbhliantúil ar leithligh.

*Fíor 3*

# Réimsí Taighde i gColáiste na Tríonóide

**Fíor 3.** Léiriú léaráideach ina dtaispeántar na seacht Réimse Taighde a chlúdaíonn an 21 théama taighde atá ag Coláiste na Tríonóide faoi láthair. Taispeántar gach réimse taighde agus é nasctha leis na bunstruchtúir eagrúcháin ar laistigh díobh a sheoltar taighde idirdhisciplíneach na hollscoile.

## 01 SLÁINTE

- An Institiúid Ailse
- Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide
- An tSaoráid Taighde Chliniciúil

## 03 CRUTHAITHEACHT

- An Nascóir
- Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide
- Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann
- Acadamh Lir

## 05 ÁBHAR

- An Leabharlann
- Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide
- Lárionad Learnovate
- CNGL – An Lárionad um Ábhar Cliste Domhanda

## 06 NEAMHSPLEÁCHAS

- Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide
- Institiúid Mercer don Aosú Rathúil



- TIONSCNAMH AN PHLEAN STRAITÉISIGH
- INSTITIÚID TAIGHDE CHOLÁISTE NA TRÍONÓIDE
- TIONSCNAMH LÁITHREACH



## 02 TEICNEOLAÍOCHT

- E3 – An Institiúid Innealtóireachta, Fuinnimh agus Timpeallachta
- CRANN – An Lárionad Um Thaighde ar Nanaighléasanna agus ar Nanastruchtúir Oiriúnaitheacha
- CTVR – An Lárionad um Thaighde ar an Teileachumarsáid
- AMBER – An Lárionad um Thaighde ar na hArdábhair agus ar an Bhithinnealtóireacht

## 04 INBHUANAITHEACHT


- E3 – An Institiúid Innealtóireachta, Fuinnimh agus Timpeallachta
- Tionscnamh Choláiste na Tríonóide maidir le Forbairt Idirnáisiúnta

## 07 AN tSOCHAÍ

- Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide
- An Institiúid um Léann Chomhtháthaithe Idirnáisiúnta
- Tionscnamh Choláiste na Tríonóide maidir le Forbairt Idirnáisiúnta

# C





Soláthraímid timpeallacht liobrálach ina dtugtar ardmheas ar shaoirse smaointeoireachta agus ina spreagtar do gach duine barr a gcumais a bhaint amach.

*Rachaimid go muiníneach i mbun gníomhaíochtaí trína gcuirtear sochaí iolrach, chóir, inbhuanaithe chun cinn.*

07

# Teagmháil leis an tSochaí i gCoitinne




o n m l k i h g f e d

### C7.1 Ról na Foirne sa Chearnóg Phoiblí

Thar na haoiseanna, tá foireann, mic léinn agus alumni Choláiste na Tríonóide tar éis cabhrú le tírdhreach sóisialta, polaitiúil, cultúir agus eacnamaíochta na hÉireann agus an domhain a chruthú. I réimsí na heolaíochta agus na litríochta, agus i réimsí na polaitíochta agus na fealsúnachta, baineann scéal Choláiste na Tríonóide leis an inspioráid atá faighte aige ón gcumas chun comhpháirteachas dearfach a dhéanamh sa chearnóg phoiblí. Tá duaiseanna Nobel gnóthaithe ag roinnt céimithe de chuid Choláiste na Tríonóide; tá rannchuidiú déanta ag roinnt eile ina gcuid pobal ar bhealach nach bhfuil chomh feiceálach céanna ach, dá ainneoin sin, ar bhealach atá thar a bheith luachmhar.

**Cuirfimid leis an traidisiún saoránachta gníomhaí sin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- torthaí oibre Choláiste na Tríonóide maidir le hoideachas agus taighde a chur in iúl trí mheáin ardcháilíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta ionas gur féidir leis an bpobal tuiscint iomlán a bheith acu ar ár gcuid oibre agus gur féidir leo tairbhe a fháil aisti
- príomhsmaointeoirí idirnáisiúnta a thabhairt go hÉirinn chun bheith páirteach i ndíospóireachtaí poiblí agus Coláiste na Tríonóide a chur chun cinn mar cheann scríbe le linn do cheannairí domhanda a bheith ar cuairt ar Éirinn, tráth a mbeidh deiseanna struchtúrtha ag baill foirne agus ag mic léinn agus ag an bpobal i gcoitinne teagmháil a bheith acu leo
- taispeántais Thaighde Choláiste na Tríonóide a eagrú chun cur i bhfeidhm iarbhír obair Thaighde agus Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide, LaunchBox agus tionscnaimh eile a léiriú
- spreagadh a thabhairt d'acadóirí Choláiste na Tríonóide tuairimí saineolacha a scríobh agus tuilleadh físábhair a chruthú a bhaineann le fionnachtana sonracha
- fís-bhlaganna sceidealta, seimineáir ghréasáin agus ríomhirisí a úsáid chun scéalta ratha na foirne sa réimse acadúil agus sa réimse riaracháin araon a phoibliú
- leas a bhaint as deiseanna comhphoiblíochta i ndáil le himeachtaí náisiúnta a mheallann daoine óga chucu agus ar ceart láithreacht a bheith ag Coláiste na Tríonóide iontu.

### C7.2 Eispéireas na gCuairteoirí ar Choláiste na Tríonóide

Faoi láthair, tagann níos mó ná milliún cuairteoir in aghaidh na bliana chuig Coláiste na Tríonóide. Tá sé ar cheann de na príomháiteanna a dtugtar cuairt orthu in Éirinn. I measc ár gcuid cuairteoirí, áirítear turasóirí, mic léinn ionchasacha agus a dteaghlaigh, alumni ar athchuairt, agus acadóirí ar cuairt. Tá sé mar aidhm againn deis a thabhairt do gach cuairteoir plé le hoidhreacht an choláiste, leis na bailiúcháin atá ann sa mhúsaem agus le fairsinge na ngnóthachtálacha atá déanta aige sa réimse cultúir agus sa réimse eolaíochta.

**Bainfimid an cuspóir seo amach trí bhíthin an phlean maidir le hEispéireas na gCuairteoirí ar Choláiste na Tríonóide[13], ar plean é a chuirfear i bhfeidhm tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- spásanna agus seirbhísí fáilteacha, a bhfuil teacht le fáil orthu go héasca, a sholáthar do chuairteoirí agus, sa dóigh sin, idirghníomhaíocht níos fearr le hobair na hollscoile a éascú dóibh
- saoráidí a sholáthar chun tacú le foghlaim eispéireasach do na mic léinn agus an pobal a nascadh le saol acadúil na hollscoile
- méadú 20% a dhéanamh ar an mbarrachas oibríochta a bhaineann le gníomhaíochtaí foghabhálacha tráchtála
- maoirseacht na mbailiúchán a fheabhsú trí shaoráidí nua-aimseartha a sholáthar sa Leabharlann le haghaidh lámhscríbhinní agus seanleabhar clóite

- feabhas a chur ar na bearta caomhantais atá i bhfeidhm sa Seomra Fada agus feabhas a chur ar eispéireas na gcuairteoirí ar an Seomra Fada
- taispeántais chomhaimseartha, de chineál fisiciúil agus fíorúil, a fhorbairt agus Seoda na Leabharlainne á dtaispeáint lena linn mar eispéireas 21ú haois ar mhíreanna oidhreachta domhanda i dtimpeallacht uathúil ollscoile
- leathnú a dhéanamh ar Shiopa na Leabharlainne
- Halla Taispeántais Berkeley a chruthú le haghaidh taispeántas mac léinn agus chun ábhair, taighde agus nuálaíocht Choláiste na Tríonóide a léiriú go poiblí
- feabhas a chur ar na bealaí isteach chuig Coláiste na Tríonóide, agus Limistéar Fáiltithe Cuairteoirí a chruthú
- an campas fíorúil a chruthú, ár gcuid turas ar an gcampas agus ár gcuid bailiúchán a chur ar fáil i dtimpeallacht dhigiteach na bhfón póca agus na bhfeistí deisce i gcomhair cuairteoirí a dtarraingeofar a n-aird trí bhíthin margaíochta sóisialta spriocdhírithe.

Déanfar na gníomhartha thuas a chur san áireamh i bPlean Forbartha na nEastát agus an Bhonneagair.












### C7.3 Caidreamh leis an gCathair

Tá ról tábhachtach i saol na cathrach ag pobal champas Choláiste na Tríonóide ina bhfuil thart ar 3,000 ball foirne agus 17,000 mac léinn. Bíonn an chuid is mó de na daoine sa phobal sin ag obair agus i mbun staidéir ar an bpríomhchampas atá suite ar lárphointe phríomhais thuaidh theas Bhaile Átha Cliath san áit a mbuaileann ceantair chultúir, pholaitíochta, theicneolaíochta agus ghnó lena chéile. In éineacht leis an bhfoireann agus na mic léinn i bpríomhospidéil oiliúna Choláiste na Tríonóide – Ospidéal San Séamas, arb é an t-ospidéal is mó é dá bhfuil ann sa stát, agus Ospidéal Thamhlachta atá suite i mbruachbhaile thiar de chuid Bhaile Átha Cliath – tá ról tábhachtach ag ár bhfoireann agus ag ár mic léinn maidir lena chinntiú gur áit mhaith í Bhaile Átha Cliath chun obair agus cónaí a dhéanamh inti.

**Déanfaimid ár gcaidreamh leis an gcathair a fhorbairt mar a leanas:**

- comhpháirtíochtaí a dhéanamh leis an rialtas chun ár ról a chomhlíonadh i ndáil le cáil Bhaile Átha Cliath mar chathair dhomhanda a chur ar aghaidh
- comhoibriú a dhéanamh le fiontair, le gníomhaireachtaí stáit agus le hinstitiúidí eile oideachais chun cabhrú le cur chun cinn éiceachóras nuálaíochta Bhaile Átha Cliath
- gníomhú mar chothaitheoir i leith na n-ealaíon cruthaitheacha agus cultúir sa chathair trí Thionscnamh Cruthaitheachta Choláiste na Tríonóide[14] arb é is aidhm dó, inter alia, ná ár gcaidreamh le hinstitiúidí cultúir cathrach agus náisiúnta, lena n-áirítear gailearaithe, leabharlanna, cartlanna, amharclanna agus spásanna eile cruthaitheachta agus taibhiúcháin, a neartú
- inbhuanaitheacht timpeallachta a chur chun cinn, i gcomhpháirtíocht le tionscnamh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath dar teideal 'Glasú na Cathrach', agus bonneagar

campais atá i gcomhréir leis an gcuspóir seo a fhorbairt trí bhíthin Phlean Forbartha na nEastát agus an Bhonneagair

- bealaí éifeachtacha cumarsáide a choimeád ar bun le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le Bainisteoir na Cathrach.

### C7.4 Idirchaidreamh le Comharsana agus leis an bPobal

Agus an fhreagracht chathartha atá ar Choláiste na Tríonóide á haithint, go háirithe i leith na bpobal atá díreach in aice leis, agus aitheantas á thabhairt do rannchuidiú ár gcomharsan i leith shaol agus obair na hollscoile, tá sé mar aidhm ag Coláiste na Tríonóide leanúint da chaidreamh leis na pobail atá ann taobh leis a fhorbairt agus a fheabhsú, ar pobail iad ina bhfuil cuid mhór dúshlán agus deiseanna den chineál céanna agus atá ann sa choláiste agus ar pobail iad ar imir fás agus leathnú Choláiste na Tríonóide thar am tionchar orthu.

**Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- leanúint de thacú le hobair an Oifigigh Idirchaidrimh Pobail le linn a ról déach a chomhlíonadh, is é sin, ról mar ambasadóir chuig na pobail áitiúla, ar cuid de cuntas a thabhairt ar thionscnaimh reatha agus ar chuntais bheartaithe an choláiste, agus ról mar dhuine a chuireann ábhair imní, ábhair spéise agus riachtanais an phobail in iúl don choláiste trí líne dhíreach chumarsáide leis an bPropast
- cumarsáid leanúnach a choimeád ar bun le geallsealbhóirí áitiúla maidir le nithe suntasacha nach mór idirmhalartú faisnéise a bheith ann ina leith, lena n-áirítear formhaoirseacht ar mhórchláir theagmhála pobail/coláiste amhail an Clár Teagaisc Deonach, roinnt comhchlár spóirt, agus an Lá Spóirt
- ionadaíocht a bheith againn, trí bhíthin an Oifigigh Idirchaidrimh Pobail, i roinnt eagraíochtaí is díol suntais iad ó thaobh cúrsaí pobail agus forbartha, lena n-áirítear Coiste Airgeadais Straitéiseach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an coiste áitiúil Athbheochana Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt (RAPID) agus an Bord Fiontar Áitiúil
- aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar imní faoi obair thógála, atógála agus chothabhála Choláiste na Tríonóide i gceantair sa chomharsanacht
- an pobal áitiúil a chur i dteagmháil le gníomhaíochtaí acadúla na hollscoile, mar shampla tríd an tionscadal dar teideal 'Coláiste na Tríonóide agus a Chomharsana', ar clár cultúir é as ar lean an chéad fhoilseachán a bhaineann le stairsheanchas faoi chaidreamh Choláiste na Tríonóide leis an bpobal áitiúil ó thús an 20ú haois agus atá bunaithe ar an tsraith rathúil léachtanna seachtracha saor in aisce faoi stair áitiúil agus faoi phearsana staire áitiúla agus faoi thuairiscí ar fhorbairtí taighde le déanaí i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta agus an leighis.

Tá sé mar aidhm ag Coláiste na Tríonóide leanúint dá chaidreamh leis na pobail atá ann taobh leis, agus ina bhfuil cuid mhór dúshlán agus deiseanna den chineál céanna agus atá ann sa choláiste, a fhorbairt agus a fheabhsú

08

# Ceannaireacht Institiúideach a Léiriú





## C8.1 Campas Inbhuanaithe

Is mian le Coláiste na Tríonóide a bheith ina cheannaire domhanda ó thaobh inbhuanaitheachta ollscoile de. Cuimsíonn maoin an choláiste cuid shuntasach, dhílis de cheirtleán uirbeach Bhaile Átha Cliath. Tá freagracht ar Choláiste na Tríonóide a ghníomhaíochtaí a sheoladh ar mhodh ina gcosnaítear agus ina bhfeabhsaítear an timpeallacht, ina gcaomhnaítear acmhainní nádúrtha, ina laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ina dtugtar tacaíocht don tsochaí ina hiomláine. Tá dul chun cinn suntasach déanta sna réimsí sin ó bhí an bhliain 2008 ann, agus tá comhartha air sin le fáil i mbronnadh stádas mar champas Brataí Glaise sa bhliain 2013, ar ina leith a thug Coláiste na Tríonóide gealltanas i ndáil le sraith cuspóirí i ndáil le fuinneamh agus astaíochtaí carbóin, bainistiú iarmhair/laghdú bruscair, bainistiú uisce agus dramhuisce, iompar inbhuanaithe, úsáid acmhainní, bithéagsúlacht, soláthar earraí agus seirbhísí glasa, oideachas agus taighde, cumarsáid agus rannpháirtíocht mac léinn. Is é an cuspóir atá againn ná tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh i ndáil lena chinntiú go bhfuil campas inbhuanaithe ann agus beart tábhachtach ina leith sin is ea teacht chun bheith ar an gcéad ollscoil de chuid na hÉireann a théann isteach sa ghrúpa ardchéimneach ollscoileanna físeacha arb é Líonra Idirnáisiúnta na gCampas Inbhuanaithe (ISCN) é.

> Táimid tiomanta i leith pobal coláiste atá uilechuimsitheach, ilchineálach agus iolrach agus timpeallacht ar féidir le gach duine a bheith páirteach inti a chruthú

**Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Tuarascáil Bhliantúil faoi Inbhuanaitheacht a fhoilsiú, lena n-airítear sonraí maidir le carbón, fuinneamh, dramhaíl, iompar agus tomhaltas uisce
- a chinntiú, trí Phlean Forbartha na nEastát agus an Bhonneagair, go gcomhlíonann gach foirgneamh nua (go háirithe forbairt E3), gach athfheistiú agus gach ceannachán na caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh agus, más féidir, go ndéantar níos mó ná mar is gá de réir na gcaighdeán sin
- taighde agus múinteoireacht maidir le saincheisteanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht a chur chun cinn chomh maith leis an gcampas a chur chun cinn mar shaotharlann bheo
- Grúpa Comhairleach ar Champas Inbhuanaithe a chur ar bun agus curadh inbhuanaitheachta a cheapadh
- iniúchtaí inbhuanaitheachta a dhéanamh agus úsáideoirí an champais a chur ag plé le spriocanna inbhuanaitheachta
- a bheith ag saothrú chun córas bainistithe timpeallachta agus córas bainistithe fuinnimh a fhorbairt
- plean maidir leis an lorg carbóin agus plean gníomhaíochta a fhoilsiú chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin
- naisc a chothú le 'Glasú na Cathrach' atá faoi cheannas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le tionscnaimh chathrach cliste náisiúnta agus AE agus tionscnaimh iomchuí eile.

### C8.2 Comhionannas, Éagsúlacht agus an Ghaeilge

Tá tiomantas ann i leith comhionannais agus éagsúlachta ar luachanna iad a bhfuil sármhaitheas Choláiste na Tríonóide ag brath orthu. Chuige sin, táimid tiomanta i leith pobal coláiste atá uilechumsitheach, ilchineálach agus iolrach agus timpeallacht dhearfach ar féidir le gach duine a bheith páirteach inti agus ina dtugtar aitheantas iomlán do gach duine maidir leis an rannchuidiú a dhéanann siad a chruthú. Táimid tiomanta, ar gach foras comhionannais, i leith baill foirne agus mic léinn a chosaint ar idirdhealú agus i leith a chinntiú go ndéantar an éagsúlacht a chur chun cinn agus a cheiliúradh. Táimid tiomanta i leith na Gaeilge mar ghné lárnach de shaol an choláiste agus mar ghné luachmhar d'éagsúlacht an choláiste. Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt i gcomhair úsáid agus chur chun cinn na Gaeilge agus de sheirbhísí Gaeilge a fheabhsú.

**Bainfimid na cuspóirí seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

— an tiomantas i leith comhionannais agus éagsúlachta a neadú isteach i ngach beartas agus i ngach cleachtas agus feasacht ar éagsúlacht agus cláir oiliúna a fhorbairt tuilleadh

— próiseas struchtúrtha athraithe a chur chun cinn le go mbeidh ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de ann ag gach céim agus ag gach leibhéal, agus, sa dóigh sin, feabhas a chur ar cháilíocht na cinnteoireachta institiúidí i gColáiste na Tríonóide

— gníomhú mar cheannaire náisiúnta chun cairt Athena SWAN[15] a thabhairt isteach in Éirinn agus saothrú i gcomhair Ghradaim Athena SWAN ar leibhéal institiúide agus scoile agus, sa dóigh sin, creat cruthaithe a sholáthar ar tríd is féidir ár staid maidir le comhionannas inscne a thomhas agus a fheabhsú

— an Beartas maidir le Comhionannas, an Beartas maidir le Dínit agus Urraim agus an Beartas maidir le Féiniúlacht Inscne agus Léiriú Inscne a chur chun cinn

— fostú daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn, feabhas á chur ar na rátaí coimeádta a bhaineann leo agus a rannchuidiú á aithint

— ár gcuid tacaíochtaí agus an oiliúint a sholáthraímid a fhorbairt tuilleadh trí thionscadail amhail ConnectAbility

— ról ceannasach a bheith againn i ndáil le tionscnaimh de chineál earnála agus náisiúnta chun éagsúlacht a chur chun cinn agus féachaint le próifíl na hollscoile mar eagraíocht uilechuimsitheach a ardú

— *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* agus ár gcuid scéimeanna Gaeilge féin a chur i bhfeidhm

— méadú a dhéanamh ar an líon imeachtaí poiblí Gaeilge a eagraítear ar an gcampas agus feasacht ar sheirbhísí agus ar imeachtaí Gaeilge Choláiste na Tríonóide a mhéadú

— oiliúint Ghaeilge a éascú don fhoireann ar fad san ollscoil, méadú a dhéanamh ar an líon ball foirne a fhaigheann cáilíocht an Teastais Eorpaigh sa Ghaeilge, agus forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí cruthaitheacha le heagraíochtaí Gaeilge.

### C8.3 Obair Dheonach, Seirbhís Phoiblí agus Comhpháirteachas Poiblí

Tá sé mar aidhm ag Coláiste na Tríonóide cultúr oibre deonaí, seirbhíse poiblí agus comhpháirteachais a chothú i measc na mball foirne agus na mac léinn, agus chun an cuspóir sin a chur chun cinn ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, go háirithe tríd an mbaint atá againn le Líonra Náisiúnta Campus Engage.[16]

**Bainfimid na cuspóirí seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- deiseanna i gcomhair comhpháirtíochtaí pobail-ollscoile a éascú agus tacú le deiseanna i gcomhair oibre deonaí campais-pobail
- deis a thabhairt do mhic léinn dul i mbun foghlama eispéireasaí agus í comhtháthaithe isteach i modúil a bhfaightear creidiúint ina leith, más féidir sin
- aitheantas foirmiúil a thabhairt do chomhpháirteachas agus d'obair dheonach ar thaobh mac léinn trí bhíthin tras-scríbhinne leathnaithe lena ngabhann bailíochtú ar ghníomhaíochtaí comhchuraclaim nó seachchuraclaim, agus foghlaim mhachnamhach a spreagadh trí bhíthin ríomhphunann
- creat tacaíochta a sholáthar d'obair dheonach ag mic léinn tríd an Oifigeach Comhpháirteachais Phoiblí agus bunachar sonraí oibre deonaí a fhorbairt
- tacú le forbairt taighde phobal-bhunaithe, mar shampla trí *Knowledge Shop* agus an Gailearaí Eolaíochta
- spreagadh a thabhairt i leith oibre deonaí agus taighde phobal-bhunaithe ag baill foirne trí bhíthin Gradaim Comhpháirteachais
- dul i mbun taighde chun bonn fianaise a chur ar fáil i ndáil leis an tionchar dearfach sóisialta a ghabhann le gníomhaíochtaí comhpháirteachais phoiblí, feasacht maidir le ról an chomhpháirteachais phoiblí san ardoideachas a mhéadú i measc geallsealbhóirí ionchasacha agus lucht déanta beartais, agus díospóireacht a chur chun cinn chun eolas a fháil a úsáidfear sa chreat beartais náisiúnta i ndáil le comhpháirteachas poiblí.

### C8.4 Trinity EngAGE

Ina cháil mar institiúid, tá Coláiste na Tríonóide sa riocht gur féidir leis rannchuidiú le leas an phobail mar thacadóir agus mar chumasóir i leith aosaithe dhearfaigh. Déanfar ár saineolas taighde ildisciplíneach a úsáid i Lárionad Trinity EngAGE i gcomhair Taighde faoi Aosú. Soláthróidh Trinity EngAGE ceannaireacht fhoirmiúil i ndáil le taighde faoi aosú a chomhordú i gceithre réimse: intinn, corp, timpeallacht shóisialta agus an timpeallacht fhoirgnithe. I gcomhar leis na hospidéil oiliúna, is iad sin, ospidéil San Séamas agus Thamhlachta, tá sé beartaithe ag Trinity EngAGE mic léinn agus an fhoireann acadúil, chliniciúil agus taighde a nascadh le chéile tuilleadh chun díriú ar rannpháirtíocht uilechuimsitheach agus ar fhoghlaim chómhalartach agus, sa tslí sin, aosú folláin a chur chun cinn agus rannchuidiú suntasach a dhéanamh leis an tsochaí.

**Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- malartú eolais a chur chun cinn idir taighdeoirí Choláiste na Tríonóide agus an pobal chun deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a thairiscint agus chun daonra atá liteartha ó thaobh na heolaíochta de agus atá in ann tathant a dhéanamh i leith a sláinte féin a chumhachtú
- taighde ildisciplíneach, comhoibritheach a chothú ionas go dtiocfaidh tuiscint níos fearr chun cinn maidir leis na comhchodanna bitheolaíochta, sóisialta agus timpeallachta a bhaineann le haosú folláin

- taighde atá bunaithe ar fhianaise a chur ar aghaidh, ar taighde é trína ngintear teicneolaíochtaí nuálacha agus trína soláthraíonn eolas lena úsáid i mbeartais shóisialta ionas go gcuirfear feabhas ar shláinte agus ar leas ar feadh an tsaoil iomláin
- Ollscoil an Tríú hAois (U3A) a chur chun cinn.







Tá sé mar aidhm ag Coláiste na Tríonóide cultúr oibre deonaí, seirbhíse poiblí agus comhpháirteachais a neadú i measc na foirne agus na mac léinn

09

# Todhchaí Choláiste na Tríonóide a Áirithiú









Ina cáil mar mhórinstitiúid shóisialta agus chultúir, tá ról suntasach le comhlíonadh ag an ollscoil i ndáil le sochaí níos córa a chruthú agus a fhorbairt

### C9.1 Saoránacht Dhomhanda

*Ego mundi civis esse cupio* ('Tá mé ag tnúth le bheith i mo shaoránach domhanda'), arsa an mórdhaonnachtaí Eorpach, Erasmus. Agus is trí ghlacadh leis an tsaoránacht chomhchoiteann sin i bpobal an choláiste a leagfaimid síos dúshraith dhaingean i gcomhair ár bhfíse i leith clú mar ollscoil lena ngabhann tábhacht dhomhanda. Is í an tsaoránacht sin a chumróidh tionchar domhanda Choláiste na Tríonóide trí shármhaitheas a thaighde agus a scoláireachta, trí ghníomhaíochtaí domhanda a líonraí alumni, agus trí phróifíl a chomhpháirteachais phoiblí. Mar institiúid oideachais, déanfaimid cleachtadh na saoránachta domhanda a chur chun cinn inár ngníomhaíochtaí go léir agus cruthóimid pobal acadúil mac léinn agus foirne de chineál idirnáisiúnta agus iltíre.

**Bainfimid an méid sin amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- ár gcumarsáid a leathnú chuig bealaí idirnáisiúnta agus domhanda
- comhpháirtíochtaí luachmhara (de chineál acadúil, corparáideach, daonchairdiúil) a chruthú i gcomhar le hinstitiúidí ar fud an domhain
- inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí domhanda a chur chun cinn i measc na mac léinn, i gcomhréir le leasanna náisiúnta
- feidhmiú mar eiseamláir ar mhic léinn ilchineálacha a chomhtháthú i bpobal coláisteach
- leanúint de bhaill chumasacha foirne ó áiteanna ar fud an domhain a earcú, agus, sa dóigh sin, feabhas a chur ar ilchineálacht ár n-institiúide
- na mic léinn go léir a ullmhú i gcomhair saoil saoránachta domhanda, mar shampla, trí dheiseanna a sholáthar faoin Straitéis Chaidreamh Domhanda II
- leanúint dár mBeartas faoi Rochtain Oscailte ar Fhoilseacháin, lena chinntiú go mbeidh ár dtaighde ar fáil ar bhonn chomh forleathan agus is féidir agus go mbeidh an tionchar is mó is féidir aige, agus go mbeidh rochtain air, go háirithe ag acadóirí i dtíortha íseal-ioncaim
- ceannaireacht a léiriú i ndáil le nithe ar díol spéise domhanda iad trí leas a bhaint as ár sármhaitheas taighde ildisciplíneach, agus tábhacht agus tionchar an taighde sin a chur in iúl don phobal.

### C9.2 Freagrachtaí Eiticiúla

Ina cáil mar mhórinstitiúid shóisialta agus chultúir, tá ról suntasach le comhlíonadh ag an ollscoil i ndáil le sochaí níos córa a chruthú agus a fhorbairt. I gColáiste na Tríonóide, saothraímid an tasc seo ar mhodh comhoibríoch, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe taighde agus oideachais, idir idirnáisiúnta agus náisiúnta, agus freisin i gcomhar lenar gcuid alumni agus mac léinn. Tá sé mar aidhm againn feidhmiú mar ghníomhaí freagrach, ar bhonn áitiúil agus domhanda, ár gcuid gníomhaíochtaí a sheoladh de réir na gcaighdeán eitice is airde agus luachanna an chomhionannais, an iolrachais agus na hinbhuanaitheachta a chur chun cinn inár gcuid oibre. Tá sé mar aidhm againn sin a dhéanamh ar bhealaí éagsúla agus in ionaid éagsúla, ní hamháin trí thionchar ár dtaighde ach freisin trínar gcuid mac léinn a oiliúint chun bheith ina gceannairí eiticiúla i réimsí na polaitíochta, na heolaíochta, an chultúir, an ghnó agus an tionscail, an chúraim sláinte agus an dlí.

**Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh**

- na scileanna a ghabhann le smaointeoireacht agus gníomhaíocht neamhspleách a neadú isteach inar gcuid curaclam ar fad agus luachanna an iolrachais, an cheartais shóisialta agus na hinbhuanaitheachta timpeallachta a chur chun cinn inár gcuid gníomhaíochtaí i gcoitinne
- cultúr acadúil a chothú ar dá réir a urramaítear dínit an duine agus inbhuanaitheacht an domhain nádúrtha agus a chinntiú go ndéantar ár gcuid taighde go léir, lena n-áirítear taighde a dhéanann mic léinn, i gcomhréir leis na caighdeán eitice is airde.

### C9.3 Féiniúlacht

Maidir leis an bhféiniúlacht a chuireann Coláiste na Tríonóide os comhair an domhain mhóir, léiríonn sí agus cuimsíonn sí misean, fís agus luachanna na hollscoile, agus bíonn an fhéiniúlacht sin á hathnuachan agus á hathbheochan ag gach glúin agus iad ar an eolas nach mbaineann an tslí ina léirítear an fhís sin le cinneadh na glúine láithrí ach go gceaptar í i gcomhpháirtíocht leis na glúnta a bhí ann roimhe agus feasacht ar an todhchaí á cur san áireamh. Lenár linn féin, is ceart féiniúlacht Choláiste na Tríonóide a bheith i gcomhréir lena fhís i leith clú mar ollscoil lena ngabhann tábhacht dhomhanda. Dála institiúidí eile ag a bhfuil uaillmhian den chineál céanna, tá dúshlán le sárú ag Coláiste na Tríonóide i ndáil leis na tairbhí sóisialta agus eacnamaíochta a éiríonn as an bhfís sin ar bhonn áitiúil a chur in iúl, chomh maith leis an mórathrú is gá chun méadú a dhéanamh ar an tionchar domhanda a chur i bhfriotal. De réir anailíse a choimisiúnaigh an coláiste le déanaí, tugtar le fios go bhfuil cuid mhór gnéithe dearfacha, agus roinnt gnéithe diúltacha, ann i dtaca le tuairim an phobail faoi obair Choláiste na Tríonóide agus faoina ról i sochaí na hÉireann agus go dtairbheoidh Coláiste na Tríonóide ó anailís fhoirmiúil ar a fhéiniúlacht phoiblí de réir na norm is airde maidir le cleachtas gairmiúil. Agus an méid sin á chur san áireamh, an cuspóir atá againn ná ár bhféiniúlacht a chur i bhfriotal, a fhorbairt agus a chur in iúl ar bhealach níos fearr i bhfóraim ilchineálacha agus do chineálacha éagsúla lucht éisteachta.

**Déanfaimid ár gcuspóirí maidir le féiniúlacht a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- leanúint de thábhacht fhéiniúlacht Choláiste na Tríonóide a léiriú mar an bealach is fearr chun ár misean, ár bhfís agus ár luachanna a chur in iúl, agus aitheantas á thabhairt don ghá le comhairle a ghlacadh le pobal an choláiste, lena n-áirítear baill foirne atá ar scor agus alumni, agus á chinntiú go n-aimsítear cothromaíocht idir na gnéithe oidhreachta d'fhéiniúlacht Choláiste na Tríonóide agus an nuálaíocht san oideachas agus sa taighde de réir mar atá curtha i bhfriotal sa straitéis seo
- an obair a bhaineann le hamharc-fhéiniúlacht (lena n-áirítear lógó) a chríochnú agus a chinntiú go mbeidh an leibhéal comhréireachta is mó is féidir ann ina leith sin ar fud na hollscoile
- féiniúlacht na hollscoile a fhorbairt thar lear, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí agus trí fhiontair chomhpháirteacha le hinstitiúidí eile ag a bhfuil misin den chineál céanna agus atá againne
- comhpháirteachas poiblí a leathnú chuig bonn domhanda tríd an Straitéis Chaidreamh Domhanda II
- leanúint d'ár bhféiniúlacht a athnuachan i gcomhthéacs fhorás ár misin.

## C9.4 Ár misean a chur i gcrích – na chéad chéimeanna eile

Is é atá i gceist leis an bplean straitéiseach seo ná todhchaí Choláiste na Tríonóide a áirithiú le go leanfaidh sé de ról lárnach a bheith aige i dtaca le cuidiú le hÉirinn teacht chun bheith ina ionad an-táirgiúil i dtaca le teacht ar aireagáin, oibriú ann agus foghlaim a dhéanamh ann agus ina ionad an-sibhialta chun maireachtáil ann agus chun rannchuidiú a dhéanamh ann leis an tsochaí áitiúil agus leis an tsochaí dhomhanda.

Chun an méid sin a bhaint amach, beidh sé ríthábhachtach tacaíocht pholaitiúil agus shochaíoch a fháil chun a chinntiú go bhfuil riachtanais agus uaillmhianta oideachais agus taighde na sochaí le brath i misean Choláiste na Tríonóide agus go léiríonn an misean na nithe sin.

Rud riachtanach freisin is ea an obair a bhaineann le bonn inbhuanaithe airgeadais a áirithiú don todhchaí; leanfaimid de bhéim a chur air sin sna blianta atá romhainn. Beidh sé mar aidhm ag Coláiste na Tríonóide:

- barrachas costais stairiúil 2%–3% sa bhliain ar a laghad a ghiniúint faoi 2018/19
- 1% dá láimhdeachas a chur ar fáil le haghaidh infheistíochta ina bhonneagar láithreach
- cóimheas ioncaim Státchiste/neamh-Státchiste 40:60 a bhaint amach agus cóimheas pá/neamhphá 65:35 a bhaint amach faoi 2018/19
- a chinntiú go bhfanann luach a ghlansócmhainní os cionn €800m
- an Ciste Dearlaice a mhéadú go suim níos mó ná €180m.

I ndeireadh na dála, ní féidir an méid sin a chinntiú ach amháin trí sármhaitheas a sholáthar sna réimsí ag a bhfuil tábhacht mharthanach don tsochaí. Is cuma cad iad na gníomhaíochtaí nua a rachaimid ina mbun i réimsí an oideachais agus an taighde, leanfaimid de bheith dílis do na luachanna a chothaigh an ollscoil le tamall fada de bhlianta. Coimeádfaimid ardchaighdeáin agus sainiúlacht Choláiste na Tríonóide agus rachaimid go muiníneach i mbun athruithe nuair is gá athrú a dhéanamh. Lorgóimid tuairimí seachtracha ónár gcuid alumni agus cairde, agus ról in obair Choláiste na Tríonóide á thabhairt dóibh trí Bhord an Choláiste, trí Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide, trínár mBoird Chomhairleacha agus trínár gcuid Bord Rialachais Institiúidí agus Lárionad. Chomh maith leis sin, lorgóimid tuairimí daoine nach raibh baint dhíreach acu linn roimhe seo agus bainfimid leas as na tuairimí seachtracha sin ar fad inár gcuid oibre. Beimid dílis dár bhféiniúlacht i leith nuálaíochta laistigh de thraidisiún, beimid réidh chun rioscaí a ghlacadh ar mhodh críonna nuair a bhíonn ardluaíocht i gceist.

**Chun cabhrú le dúshláin na todhchaí a shainaithint, déanfaimid breithniú i dtaobh spriocanna 'An Chéad Leibhéal Eile' a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- na grúpaí go léir atá ann i bpobal forleathan Choláiste na Tríonóide agus atá bainteach leis an bplean seo a ailíniú, á chinntiú go bhfuil comhfhís agus comhthuiscint ann, agus déanfar sin trí 'cás i leith tacaíochta', agus é ullmhaithe go mion, a chruthú agus é a leagan os comhair an phobail laistigh de 12 mhí ón tráth a ghlactar an plean seo agus beidh sé mar bhonn le feachtas ar son Choláiste na Tríonóide
- na naisc atá ann eadrainn féin agus pobal forleathan Choláiste na Tríonóide (mic léinn agus alumni agus cairde, ár gcomharsana áitiúla agus an rialtas) a neartú chun gealltanas i leith na físe a bhunú
- dul i dteagmháil leis an rialtas, lena ghníomhaireachtaí, leis an réimse gnó, le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha agus le gach geallsealbhóir iomchuí chun a chinntiú go bhfuil ailíniú soiléir ann le straitéisí s'acusan d'Éirinn agus chun rannpháirtíocht ghníomhach ar thaobh s'acusan a chinntiú ar mhaithe leis an bplean seo a chur i gcrích.


SUMMER MEMBERSHIP
NOW AVAILABLE

# Fonótaí

01 *Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030*, Tuarascáil Ghrúpa na Straitéise, Eanáir 2011.

02 Ar an 1 Iúil 2014, d'fhógair an Roinn Oideachais agus Scileanna bunú Grúpa Saineolaithe chun breithniú a dhéanamh ar mhaoiniúchán inbhuanaithe fadtéarmach don ardoideachas in Éirinn agus táthar ag súil le tuarascáil chríochnaitheach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2015.

03 *Feidhmíocht sa Chóras Ardoideachais, an Chéad Tuarascáil, 2014–2016*. Tuarascáil ón Údarás um Ard-Oideachas don Aire Oideachais agus Scileanna, a foilsíodh ar an 11 Meitheamh 2014.

04 Déanfar an straitéis faisnéise uile-choláiste a nascadh le cur i bhfeidhm straitéisí an choláiste maidir le hOideachas Ar Líne, leis an Leabharlann, le Cumarsáid agus le hEispéireas na gCuairteoirí ar Choláiste na Tríonóide agus cumasóidh sí cur i bhfeidhm na straitéisí sin.

05 Athbhreithniú ar an Straitéis Chaidreamh Domhanda a cheadaigh Bord Choláiste na Tríonóide ar an 28 Bealtaine 2014.

06 Tionscnamh de chuid Choláiste na Tríonóide a bhaineann le hOideachas Ar Líne agus Oideachas le Cuidiú Teicneolaíochta a cheadaigh Bord Choláiste na Tríonóide ar an 19 Meitheamh 2013.

07 Beidh comhairliúchán forleathan ann maidir le Plean Forbartha na nEastát agus an Bhonneagair agus déanfar é a chur i gcrích faoi dheireadh na bliana 2015.

08 Ceadaithe ag Bord Choláiste na Tríonóide ar an 26 Meitheamh 2013.

09 *Cód Rialachais Choláiste na Tríonóide 2013* atá bunaithe ar an gcód earnála *Rialachas Ollscoileanna na hÉireann, 2012* agus ar ghlac Bord Choláiste na Tríonóide leis ar an 19 Meitheamh 2013.

10 Ceadaithe ag Bord Choláiste na Tríonóide ar an 26 Meitheamh 2013 agus ar fáil ag www.tcd.ie/innovation.

11 Tá an cur chuige ina iomláine ar fáil ag www.tcd.ie/innovation/exchange/


12 An tÚdarás um Ard-Oideachas, *Tuarascáil don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hAthchumrú Córais, Comhoibriú Idirinstitiúideach agus Rialachas Córais san Ardoideachas in Éirinn*, an 17 Aibreán 2013.

13 Cheadaigh Bord Choláiste na Tríonóide an cur chuige comhtháthaithe foriomlán ar an 25 Meitheamh 2014.

14 Is é atá i dTionscnamh Cruthaitheachta Choláiste na Tríonóide ná tionscadal atá á fhorbairt agus arb é is aidhm dó forbairt a dhéanamh ar ról Choláiste na Tríonóide maidir le tacú le Tionscail na Cruthaitheachta agus an Chultúir.

15 Rinneadh Cairt Athena SWAN a fhorbairt chun spreagadh agus aitheantas a thabhairt i leith tiomantais i ndáil le comhrac a dhéanamh i gcoinne gannionadaíocht den sórt seo agus gairmréimeanna ban a chur ar aghaidh i dtaca le taighde STEMM agus sa saol acadúil, féach www.ecu.ac.uk/equality-charter-marks/athena-swan/

16 Féach www.campusengage.ie/about-campus-engage



## Misean

Soláthraímid timpeallacht liobrálach ina dtugtar ardmheas ar shaoirse smaointeoireachta agus ina spreagtar do gach duine barr a gcumais a bhaint amach.

**DÉANFAIMID AN MÉID SEO A LEANAS:**

**A** Cruthóimid pobal mac léinn níos ilchineálaí ná riamh, agus oideachas sainiúil atá bunaithe ar shármhaitheas acadúil agus eispéireas claochlaitheach á sholáthar do na mic léinn.

**B** Rachaimid i mbun taighde ceannródaíochta i ngach disciplín, agus forbairt réimsí nua idirdhisciplíneacha á spreagadh agus tionchar catalaíoch á imirt ar nuálaíocht áitiúil agus ar dhéileáil le dúshláin dhomhanda.

**C** Rachaimid go muiníneach i mbun gníomhaíochtaí trína gcuirtear sochaí iolrach, chóir, inbhuanaithe chun cinn.



## 01 An Pobal a Neartú

A1.1 Rochtain & rannpháirtíocht
A1.2 Idirnáisiúnú
A1.3 Mic Léinn Ar Líne
A1.4 An t-aistriú ó mhac léinn go alumnus & teagmháil le alumni

## 02 Saol na Mac Léinn a Chur Chun Cinn

A2.1 An t-aistriú chuig saol an choláiste
A2.2 Timpeallachtaí na mac léinn
A2.3 Seirbhísí do mhic léinn, oidí & clárlann
A2.4 Gníomhaíochtaí faoi cheannas na mac léinn

## 04 Buanna Daoine a Chur Chun Cinn

B4.1 Buanna a shealbhú agus a fhorbairt
B4.2 Eagrúchán solúbtha
B4.3 Acadamh múinteoireachta, foghlama & taighde
B4.4 Rialachas i gColáiste na Tríonóide

## 05 Comhpháirtíochtaí Luachmhara a Chruthú

B5.1 Éiceachóras nuálaíochta
B5.2 Comhoibriú ar leibhéal náisiúnta
B5.3 Coláiste na Tríonóide mar chothaitheoir ealaíne cruthaithí
B5.4 Trinity Health Ireland & Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath-Lártíre

## 07 Teagmháil leis an tSochaí i gCoitinne

C7.1 Ról na foirne sa chearnóg phoiblí
C7.2 Eispéireas na gcuairteoirí ar Choláiste na Tríonóide
C7.3 Caidreamh leis an gcathair
C7.4 Idirchaidreamh le comharsana & leis an bpobal

## 08 Ceannaireacht Institiúideach a Léiriú

C8.1 Campas inbhuanaithe
C8.2 Comhionannas, éagsúlacht & an Ghaeilge
C8.3 Obair dheonach, seirbhís phoiblí & comhpháirteachas poiblí
C8.4 Trinity EngAGE



## 03 Oideachas Choláiste na Tríonóide a Athnuachan

- A3.1 An Curaclam
- A3.2 Scileanna 21ú hAois
- A3.3 Caidreamh le fostóirí & gairmeacha
- A3.4 Forbairt ghairmiúil leanúnach

## 06 Taighde ar mhaithe le Tionchar a Imirt

- B6.1 Réimsí taighde i gColáiste na Tríonóide
- B6.2 Timpeallachtaí taighde
- B6.3 Saincheist taighde dhomhanda
- B6.4 Aschuir thaighde

## 09 Todhchaí Choláiste na Tríonóide a Áirithiú

- C9.1 Saoránacht dhomhanda
- C9.2 Freagrachtaí eiticiúla
- C9.3 Féiniúlacht
- C9.4 Ár misean a chur i gcrích – na chéad chéimeanna eile

**Oifig an Phropaist**
Teach 1, Coláiste na Tríonóide
Baile Átha Cliath 2, Éire
–
T + 353 1 896 4362
R provost@tcd.ie
I www.tcd.ie

20
20